# BEARTAS PRÓISEÁLA SONRAÍ BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA DHÚN NA NGALL

LEAGAN 1.0

MEÁN FÓMHAIR 2022

# Clár Ábhair


**1.0 Ginearálta** **3**

**1.1 An Rialaitheoir Sonraí** **3**

**1.2 Dleathacht na Próiseála** **3**

**1.3 Sainmhínithe a bhaineann leis an mBeartas seo** **6**

**2.0 Sonraí Pearsanta agus bunús dlíthiúil** **10**

**2.1 Sonraí Daltaí/Foghlaimeoirí** **10**

**2.2 Sonraí Fostaí** **37**

**2.3 Conradh d'oibrithe seirbhíse** **50**

**2.4 Comhaltaí boird agus coiste** **55**

**2.5 Nithe ilghnéitheacha** **60**

**3.0 Faighteoirí na sonraí pearsanta** **63**

**4.0 Aistrithe tríú tír/idirnáisiúnta** **79**

**5.0 Cinnteoireacht/Próifíliú Uathoibrithe** **79**

**6.0 Taifid a Choinneáil** **80**

**7.0 Do Chearta** **80**

**8.0 Déan teagmháil le d'OCS (Oifigeach Cosanta Sonraí)** **85**

# 1.0 Ginearálta

## 1.1 An Rialaitheoir Sonraí

Sa chuid seo, tugaimid tuilleadh eolais maidir linne mar rialaitheoir sonraí.

Is é ETB Dhún na nGall an rialaitheoir sonraí. Is iad seo a leanas ár sonraí teagmhála. Seo a leanas ár seoladh agus ár sonraí teagmhála: ETB Dhún na nGall, Oifigí Riaracháin, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 DP98. Bunaítear ETB Dhún na nGall faoi alt 8 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Soláthraíonn ETB Dhún na nGall bunoideachas, oideachas dara leibhéal, oideachas ath-dheise, breisoideachas agus oiliúint lena n-áirítear printíseachtaí; Obair don aos óg, Cumasóige, cláir oideachais pobalbhunaithe, oideachas allamuigh, cláir fhor-rochtana, cláir speisialaithe, e.g. trí Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil agus cláir/cúrsaí eile atá á gcur ar fáil/á maoiniú/á n-urrú ina n-iomláine nó i bpáirt nó i gcomhoibriú le comhlachtaí/gníomhaireachtaí eile, *etc*. Tá ár gcroífheidhmeanna leagtha amach in alt 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, mar aon le cibé ní eile arna leagan amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus cibé oibleagáidí dlíthiúla agus reachtúla a fhorchuirfear ar an ETB ó am go ham.

Tá ETB Dhún na nGall tar éis an Beartas Próiseála Sonraí seo a fhorbairt chun an Beartas Príobháideachais a fhorlíonadh. Déantar é seo chun a bheith trédhearcach agus cuntasach do dhaoine is ábhar do na sonraí maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil.

Baineann an beartas seo leis na comhlachtaí agus coistí arna mbunú nó arna gcoinneáil ag ETB Dhún na nGall.

## 1.2 Dleathacht na Próiseála

Tá 6 bhunús dhlíthiúla ar fáil maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil faoi RGCS. Níl aon bhunús amháin 'níos fearr' nó níos tábhachtaí ná na cinn eile - braithfidh an bunús is iomchuí le húsáid ar chríocha na próiseála agus ar an gcaidreamh atá ag an ETB leis an duine. Is iad seo a leanas na bunúis dleathacha:

**Toiliú:** tá an duine tar éis toiliú soiléir a thabhairt d'ETB Dhún na nGall a chuid/cuid/gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil de chríocha sonracha;
**Conradh:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh atá ag ETB Dhún na nGall leis an duine a chomhlíonadh, nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;
**Oibleagáid Dhlíthiúil**: is gá an phróiseáil a dhéanamh ionas gur féidir le ETB Dhún na nGall an dlí a chomhlíonadh (gan oibleagáidí conarthacha a áireamh). Braithfidh ETB Dhún na nGall go príomha ar an mbunús dlíthiúil seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil de réir mar is gá agus i ndáil le feidhmíocht a chuspóirí agus feidhmeanna reachtúla, faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, an tAcht Oideachais 1998 agus reachtaíocht ghaolmhar eile;
**Leasanna ríthábhachtacha:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint;
**Tasc poiblí/údarás oifigiúil:** is gá an phróiseáil a dhéanamh ionas go mbeidh ETB Dhún na nGall in ann tasc a dhéanamh ar leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe d'ETB Dhún na nGall;

**Leasanna dlisteanacha:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí. Le hAirteagal 6(1) RGCS, áfach, cuirtear srian sonrach ar údaráis phoiblí a bheith ag brath ar bhunús dlíthiúil leasanna dlisteanacha má tá sonraí pearsanta á bpróiseáil acu ' i bhfeidhmiú a gcúraimí'. Ach ligeann sé seo d'údaráis phoiblí brath ar an mbunús dlíthiúil seo agus sonraí á bpróiseáil acu ar dhóigh seachas nuair atá siad i bhfeidhmiú a gcúraimí mar údarás poiblí. Dá réir sin, ní úsáidfidh ETB Dhún na nGall leasanna dlisteanacha ach amháin chun críocha coimhdeacha a eascraíonn, mar shampla, ó stádas comhlachta phoiblí, amhail trédhearcacht, bainistíocht oifige, nó cuntasacht airgeadais; sna cásanna sin, féadfaidh sé a bheith iomchuí próiseáil a dhéanamh ar bhunús leasanna dlisteanacha.

Féadfaidh go mbainfidh níos mó ná bunús amháin le próiseáil sonraí ar leith.

**Sonraí catagóire speisialta / íogaire**

Tagann cineálacha áirithe sonraí pearsanta íogaire faoi réir cosanta breise faoi RGCS. Tá siad sin leagtha amach faoi Airteagal 9 de RGCS mar "catagóirí speisialta" de shonraí pearsanta. Is iad seo a leanas na catagóirí speisialta sin:

1. Sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach.
2. Tuairimí polaitiúla.
3. Creideamh reiligiúnach nó fealsúnach.
4. Ballraíocht i gceardchumann.
5. Sonraí géiniteacha agus sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil.
6. Sonraí a bhaineann leis an tsláinte.
7. Sonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

Tá toirmeasc ar phróiseáil a dhéanamh ar na catagóirí speisialta seo, ach amháin sna himthosca teoranta a leagtar amach in Airteagal 9 de RGCS. Tagann na himthosca sin chun cinn sna cásanna seo a leanas:

(a) thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le críoch sonraithe amháin nó níos mó, seachas i gcás ina bhfuil foráil déanta i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit nach bhféadfaidh an t-ábhar sonraí an toirmeasc dá dtagraítear a chur i leataobh;
(b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáidí an rialaitheora nó an ábhair sonraí a chomhlíonadh agus chun cearta sonracha an rialaitheora nó an ábhair sonraí a fheidhmiú i réimse dhlí na fostaíochta agus na slándála sóisialta agus cosanta sóisialta a mhéid atá údaraithe le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó le comhaontú comhchoiteann de bhun dlí Ballstáit lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí;
(c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint, i gcás nach féidir leis an ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil;
(d) déanann fondúireacht, comhlachas nó aon chomhlacht seachbhrabúsach eile an phróiseáil agus é nó í i mbun gníomhaíochtaí dlisteanacha le coimircí iomchuí, ar fondúireacht, comhlachas nó comhlacht é nó í lena mbaineann aidhm pholaitiúil, fealsúnach, reiligiúnach nó ceardchumannachais, agus ar choinníoll nach mbaineann an phróiseáil ach le comhaltaí nó le hiarchomhaltaí an chomhlachta nó le daoine a mbíonn teagmháil rialta acu leis an gcomhlacht maidir lena chuspóirí agus ar choinníoll nach nochtar na sonraí pearsanta lasmuigh den chomhlacht sin gan toiliú ó na hábhair sonraí;
(e) baineann an phróiseáil le sonraí pearsanta is follas gur chuir an duine is ábhar dóibh ar fáil go poiblí;
(f) is gá an phróiseáil a dhéanamh le héilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó tráth ar bith a mbíonn na cúirteanna ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach;
(g) is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir

le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú;

(h) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choiscthigh nó ceirde, chun measúnú a dhéanamh ar chumas oibre an fhostaí, diagnóis leighis, cúram sláinte nó cóireáil shóisialta a sholáthar nó bainistiú córas nó seirbhísí cúram sláinte nó sóisialta ar bhonn dhlí an Aontais nó ar bhonn dlí Ballstáit nó de bhun conartha ar shínigh ábhar na sonraí le gairmí sláinte é agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí nuair a dhéanann gairmí na sonraí sin a phróiseáil nó nuair a dhéantar iad a phróiseáil faoi fhreagracht gairmí, ar gairmí é atá faoi réir oibleagáide rúndachta gairmiúla faoi dhlí an Aontais nó Ballstáit nó faoi rialacha arna mbunú ag comhlachtaí náisiúnta inniúla nó má phróiseálann duine eile iad atá faoi réir oibleagáide rúndachta freisin faoi dhlí an Aontais nó dhlí Ballstáit nó faoi rialacha arna mbunú ag comhlachtaí náisiúnta inniúla;

(i) is gá an phróiseáil a dhéanamh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, amhail cosaint i gcoinne bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte nó chun ardchaighdeáin cáilíochta agus slándála a áirithiú do chúram sláinte agus do tháirgí íocshláinte nó d'fheistí leighis, ar bhonn dhlí an Aontais nó ar bhonn dhlí Ballstáit lena ndéantar foráil do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun go ndéanfar cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, go háirithe an rúndacht ghairmiúil, a choimirciú;

(j) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an duine is ábhar don na sonraí a choimirciú.

**Próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs eipidéime**

Ligeann an RGCS (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) d'fhostóirí sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs eipidéime, de réir an dlí náisiúnta agus laistigh de na coinníollacha arna leagan amach sa RGCS. Mar shampla, nuair is gá próiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail i réimse na sláinte poiblí. Faoi na himthosca sin, ní gá don ETB brath ar thoiliú na ndaoine aonair.

I gcomhthéacs na fostaíochta, féadfaidh go bhfuil gá le hoibleagáid dhlithiúil éigin atá ar an bhfostóir a chomhlíonadh, amhail oibleagáidí a bhaineann le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san áit oibre, nó oibleagáidí atá ar leas an phobail, amhail rialú galar agus bagairtí eile ar an tsláinte.

In imthosca nuair a bhíonn fostóirí ag feidhmiú faoi threoir údarás sláinte poiblí, nó údarás ábhartha eile nuair a ghlactar bearta náisiúnta chun cosaint i gcoinne galair thógálaigh, ceadaíonn Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(i) agus Airteagal 9(2)(h) RGCS Agus alt 53 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 próiseáil sonraí pearsanta, sonraí sláinte san áireamh, sa chás go meastar riachtanach agus comhréireach é, agus chomh fada agus a chuirtear coimircí iomchuí i bhfeidhm. Seo roinnt samplaí de choimircí iomchuí: srian ar rochtain ar na sonraí, teorainneacha ama daingne maidir le scriosadh, agus bearta eile amhail oiliúint leordhóthanach a chur ar bhaill foirne chun cearta cosanta sonraí fostaithe a chosaint.

## 1.3 Sainmhínithe a bhaineann leis an mbeartas seo

Sa Bheartas Cosanta Sonraí seo, tugtar na bríonna thíos do na téarmaí seo a leanas, i gcomhréir le RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018:

Ciallaíonn **"Airteagal"** an tAirteagal comhfhreagrach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, aon tagairt sa doiciméad seo d'Airteagal uimhrithe, is tagairt í don Airteagal den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí arna uimhriú amhlaidh.

ciallaíonn "**sonraí bithmhéadracha**" sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil ar leith agus a bhaineann le saintréithe fisiciúla, fiseolaíochta nó iompraíochta duine nádúrtha, ar sonraí iad lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainaithint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna den aghaidh nó sonraí dachtalascópacha;

Chun críocha fheidhm an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí sa Stát, maidir le tagairt do "**leanbh**" sa Rialachán, measfar gur tagairt í do dhuine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

ciallaíonn "**rialaitheoir**" agus/nó "**rialaitheoir sonraí**" gurb é ETB Dhún na nGall an duine dleathach a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit;

ciallaíonn "**toiliú**" an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;

ciallaíonn "**toiliú linbh i dtaca le seirbhísí na sochaí faisnéise**" (1) Is é 16 bliana d'aois an aois linbh a shonraítear chun críocha Airteagal 8. (2) Chun críocha fheidhm Airteagal 8 sa Stát, ní fholaíonn an tagairt san Airteagal sin do "seirbhísí sochaí faisnéise" aon tagairt do sheirbhísí coisctheacha nó comhairleoireachta.

ciallaíonn "**sonraí a bhaineann leis an tsláinte**" sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoina stádas sláinte;

ciallaíonn "**fiontar**" duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, is cuma faoi fhoirm dhlíthiúil na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí nó comhlachais a bhíonn ag gabháil go rialta do ghníomhaíocht eacnamaíoch;

ciallaíonn "**córas comhdúcháin**" nó "**córas comhdúcháin ábhartha**" aon sraith struchtúraithe de shonraí pearsanta a bhfuil rochtain orthu de réir critéir shonracha, is cuma má tá an tsraith sin lárnaithe, díláraithe nó scaipthe ar bhonn feidhmeach nó geografach;

ciallaíonn '**RGCS**" agus "**Rialachán maidir le Cosaint Sonraí**" Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/ CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí);

ciallaíonn "**sonraí géiniteacha**" sonraí pearsanta a bhaineann le tréithe géiniteacha duine nádúrtha a fuarthas le hoidhreacht nó a fuarthas, a thugann faisnéis uathúil faoi fhiseolaíocht nó sláinte an duine nádúrtha sin agus arb é atá iontu an toradh, go háirithe, ar anailís arna déanamh ar shampla bitheolaíoch ón duine nádúrtha atá i gceist;

ciallaíonn "**seirbhís de chuid na sochaí faisnéise**" seirbhís mar a shainmhínítear í i bpointe (b)

d'Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle gur seirbhísí iad a chuirtear ar fáil de ghnáth le haghaidh luach saothair a íoc go cianda trí mheán leictreonach ar iarraidh aonair fhaighteoir na seirbhísí. Tugann "go cianda" le fios nach mbíonn an soláthraí seirbhísí agus an custaiméir a bheith i láthair ag an am céanna tráth ar bith;

ciallaíonn "**eagraíocht idirnáisiúnta**" eagraíocht agus a gcuid fochomhlachtaí a rialaítear leis an dlí idirnáisiúnta poiblí, nó aon chomhlacht eile a bhunaítear le comhaontú idir dhá thír nó níos mó nó ar bhonn chomhaontaithe idir dhá thír nó níos mó.

is ionann an bhrí a bhaineann le "oibleagáid dhlíthiúil" sa doiciméad seo agus an bhrí a bhaineann leis in Airteagal 6(1)(c) RGCS, i.e. "*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh*";

ciallaíonn "**príomhbhunaíocht**": maidir le rialaitheoir a bhfuil bunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin aige, an áit a bhfuil a riarachán lárnach san Aontas, mura rud é go nglactar na cinntí maidir le críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta i mbunaíocht eile de chuid an rialaitheora san Aontas agus go bhfuil an chumhacht ag an mbunaíocht sin chun a chur faoi deara cinntí den sórt sin a chur chun feidhme, agus sa chás sin meastar gurb í an bhunaíocht a ghlac cinntí den sórt sin an phríomhbhunaíocht; (b) i ndáil le próiseálaí a bhfuil bunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin aige, an áit a bhfuil a riarachán lárnach san Aontas, nó mura bhfuil aon riarachán lárnach ag an bpróiseálaí san Aontas, bunaíocht an phróiseálaí san Aontas ina ndéantar na príomhghníomhaíochtaí próiseála i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaíochta de chuid an phróiseálaí a mhéid atá an próiseálaí faoi réir oibleagáidí sonracha faoin Rialachán seo;

ciallaíonn "**sonraí pearsanta**" aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó duine in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann ná duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;

ciallaíonn "**sárú i ndáil le sonraí pearsanta**" sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scrios, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach;

baineann bhrí chéanna le "**leigheas coisctheach nó ceirde**" anseo agus a bhaineann leis in Alt 9(2)(h) de RSGC, i.e. "*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choisicthigh nó ceirde, chun measúnú a dhéanamh ar chumas oibre an fhostaí, diagnóis leighis, cúram sláinte nó cóireáil shóisialta a sholáthar nó bainistiú córas nó seirbhísí cúram sláinte nó sóisialta ar bhonn dhlí an Aontais nó ar bhonn dlí Ballstáit nó de bhun conartha ar shínigh ábhar na sonraí le gairmí sláinte é agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 3*";

ciallaíonn "**próiseáil**" aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

ciallaíonn "**próiseálaí**" duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora, ach ní áirítear ann fostaithe rialaitheora a phróiseálann a leithéid de shonraí le linn a f(h)ostaíochta:

ciallaíonn "**próifíliú**" aon chineál próiseála uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta arb

éard í úsáid na sonraí sin chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair, le staid eacnamaíoch, le sláinte, le roghanna pearsanta, le hábhair spéise, le hiontaofacht, le hiompar, le suíomh nó le gluaiseachtaí an duine nádúrtha sin nó chun na gnéithe sin a thuar;

ciallaíonn "**ainm bréige a chur i bhfeidhm**" próiseáil a dhéantar ar chaoi nach féidir na sonraí a chur i leith ábhair sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach gcuirtear na sonraí pearsanta i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó duine in-sainaitheanta;

ciallaíonn "**leas an phobail**" mar a shainmhínítear é in Airteagal 6(1)(e), is é sin gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;

déantar "**ceartúchán**" ar, nó i ndáil le sonraí pearsanta, sa chás go bhfuil na sonraí i gceist neamhiomlán, na sonraí a chomhlánú, lena n-áirítear de bhíthin soláthair ráitis fhorlíontaigh nó eile;

ciallaíonn "**faighteoir**" duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó comhlacht eile, má nochtar na sonraí pearsanta, bíodh siad ina dtríú páirtí nó ná bíodh. Maidir le húdaráis phoiblí a fhéadfaidh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúchán ar leith i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, ní mheasfar gur faighteoirí iad; comhlíonfaidh an phróiseáil a dhéanfaidh na húdaráis phoiblí sin ar na sonraí sin na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí de réir na gcríoch atá leis an bpróiseáil;

ciallaíonn "**agóid ábhartha réasúnaithe**" agóid i gcoinne dréachtchinneadh i dtaca le cibé an ann do shárú ar an Rialachán seo nó nach ann dó, nó an gcomhlíonann an ghníomhaíocht a bheartaítear i dtaca leis an rialaitheoir nó leis an bpróiseálaí an Rialachán seo, agóid a thaispeánann go soiléir suntasacht na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an dréachtchinneadh maidir le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, saorghluaiseacht sonraí pearsanta laistigh den Aontas;

ciallaíonn "**ionadaí**" duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a dhéanann ionadaíocht thar ceann an rialaitheora nó an phróiseálaí maidir lena n-oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo, agus atá ceaptha i scríbhinn ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí de bhun Airteagal 27;

ciallaíonn "**srianadh ar phróiseáil**" sonraí pearsanta stóráilte a mharcáil agus é d'aidhm leis sin teorainn a chur leis an bpróiseáil a dhéanfar orthu sa todhchaí;

ciallaíonn "**catagóirí speisialta sonraí**" sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmeascfar próiseáil ar shonraí géiniteacha, ar shonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar shonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

ciallaíonn "údarás maoirseachta" údarás poiblí neamhspleách a bhunaíonn Ballstát de bhun Airteagal 51; in Éirinn, is é sin an Coimisiún Cosanta Sonraí;

Ciallaíonn "**mórchúiseanna leasa an phobail**" an sainmhíniú a thugtar in Airteagal 9(2)(g), is é sin go sonrach gur gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú;

ciallaíonn “**údarás maoirseachta lena mbaineann**” údarás maoirseachta a mbaineann próiseáil sonraí pearsanta leis mar gurb amhlaidh: a) go bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí bunaithe ar chríoch Bhallstáit an údaráis mhaoirseachta sin; (b) go bhfuil éifeacht shubstainteach nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil ar ábhair sonraí atá ina gcónaí i mBallstát an údaráis mhaoirseachta sin; nó (c) go ndearnadh gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta sin;

ciallaíonn **“tríú tír”** tír seachas ballstát AE nó na trí thír LEE bhreise (an Iorua, an Íoslainn, agus Lichtinstéin) atá tar éis dlí náisiúnta a ghlacadh chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chur i bhfeidhm;

ciallaíonn “**tríú páirtí**” duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó comhlacht eile seachas an t-ábhar sonraí, an rialaitheoir, an próiseálaí agus daoine a údaraítear, faoi údarás díreach an rialaitheora nó an phróiseálaí, chun na sonraí a phróiseáil;

Ciallaíonn **“leasanna ríthábhachtacha”** i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(d), gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint.

# 2.0 Sonraí Pearsanta agus bunús dlíthiúil

Sa chuid seo, tugaimid tuilleadh eolais maidir le cineál na sonraí pearsanta a ***<u>d'fhéadfaimis</u>*** a bhailiú agus na cúiseanna a bhaineann leis an mbailiúchán sonraí sin. Tugaimid eolas freisin maidir leis an mbunús dlithiúil a a mbaintear feidhm astu. Sa chás go bhfuil sé roghnach sonraí pearsanta a chur ar fáil, luaitear é sin.

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| **2.1 Sonraí Daltaí / Foghlaimeoirí** | | | |
| | **Aitheantas agus sonraí teagmhála agus Iarratas á dhéanamh chun áit a fháil (Sonraí Dalta Ionchasach)** | | |
| | • Ainm, seoladh, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus dáta breithe an dalta ionchais. | **Feidhm:**<br>An fhaisnéis ar fad a éilítear chun an duine is ábhar do na sonraí a shainaithint. Gan an fhaisnéis seo, ní féidir linn an dalta ionchasach a shainaithint ná breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar iontráil chun seirbhísí oideachais a sholáthar. | **Oibleagáid Dhlíthiúil**: De bhun oibleagáid dhlithiúil na scoile measúnú a dhéanamh ar iarratais uile ar iontráil faoin Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018. I gcomhréir le hAirteagal 5(c) de RGCS, beidh an fhaisnéis seo leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil.<br><br>**Údarás dílsithe sa rialaitheoir:** Maidir leis an UPSP: foráiltear in alt 14(4) den Achta Leasa Shóisialaigh 1998 "*go ndéanfaidh duine a uimhir nó a huimhir phearsanta seirbhíse poiblí agus uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí a chéile nó a céile agus a leanaí, más iomchuí, a thabhairt do chomhlacht sonraithe de réir mar a cheanglóidh an comhlacht sin chun críocha idirbheart an duine*". Leathnaíonn alt 32(1)(c) den Acht Leas Shóisialaigh 1998 an sainmhíniú ar "chomhlacht sonraithe" chun... *"scoil nó ionad oideachais aitheanta (de réir bhrí alt 2 den Acht Oideachais, 1998)"* a áireamh.<br><br>Chomh maith leis sin, faoin Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, beidh cead ag boird bainistíochta scoile dul i dteagmháil lena chéile maidir le liostaí de dhaltaí a rinne iarratas, agus luaitear in alt 66(b)(iv) gur féidir UPSP a thabhairt mar chuid den fhaisnéis seo, rud a thugann le fios go lorgófaí faisnéis UPSP ag |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | | am an iarratais. |
| | ● Ainm, seoladh, sonraí teagmhála tuismitheoirí/caomhnóirí má tá an dalta ionchasach níos óige ná 18 mbliana d'aois. | **Feidhm:**<br>Éilítear ainm agus faisnéis teagmhála an iarratasóra (má tá siad éagsúil ón dalta) freisin chun críocha an iarratas a phróiseáil agus an toradh a chur in iúl, *etc.*<br><br>má éiríonn leis an iarratas, chun teagmháil a dhéanamh maidir le cúrsa an dalta, an dáta tosaithe, sonraí an chúrsa, leabharliosta/liosta léitheoireachta, **etc.** | **Oibleagáid Dhlíthiúil**: De bhun oibleagáid dhlíthiuil na scoile measúnú a dhéanamh ar iarratais uile ar iontráil faoin Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018. I gcomhréir le hAirteagal 5(c) de RGCS, beidh an fhaisnéis seo leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil. |
| | Baineann an t-eolas seo a leanas leis na critéir roghnúcháin idir lúibíní in aice le gach catagóir sonraí:<br>● Seoladh an dalta & cruthúnas reatha (scoilcheantar)<br>● Inscne an dalta (scoil aon-ghnéis)<br>● Riachtanas Speisialta Oideachais (rang speisialta)<br>● Sonraí maidir le líofacht sa Ghaeilge a rachadh ar gcúl (Scoil Ghaeilge nó Aonad Lán Gaeilge)<br>● Ainm/bliain siblíní atá/a bhí rollaithe sa scoil<br>● Ainm/bliain a d'fhreastail tuismitheoir/seantuismitheoir ar an scoil<br>● Bunscoil ar a bhfreastalaíodh<br>● Teastas breithe bunaidh (fada) mar aon le cóip de (sa chás go n-úsáideann Scoil Náisiúnta Pobail aois mar chritéar | **Feidhm:**<br>Is féidir na catagóirí sonraí seo a lorg ar fhoirm iarratais scoile atá faoi phátrúnacht ETB Dhún na nGall sa chás go n-áirítear iad i mbeartas iontrála na scoile sin mar chuid den chritéir roghnúcháin. | **Údarás dílsithe sa rialaitheoir:** Faoin Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, is féidir le scoil critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm sa chás go bhfuil ró-éileamh ar áit scoile; ní féidir a áireamh sna critéir sin critéar ar bith a bhfuil toirmeasc air le Reacht, lena n-áirítear an tAcht um Chomhionannas agus na cinn a leagtar amach san Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018.<br><br>Lorgaítear inscne an dalta i gcomhréir le halt 61(2)(a) den Acht Oideachais 1998 arna chur isteach le halt 9 Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, sa chás nach nglacann scoil ach le daltaí d'aon inscne amháin. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | roghnúcháin). | | |
| | **2.1 Sonraí an dalta (nach n-áirítear thuas) ag Céim Glactha áite scoile** | | |
| | • Sloinne Réamhphósta na Máthar | **Feidhm:**<br>Á iarraidh ag an Roinn Oideachais - Bunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna (POD), Bunachar Sonraí ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (P-POD) *etc*. sa chás go bhfuil sé mar aidhm aige an duine is ábhar do na sonraí a shainaithint, nuair a ghlactar é/í sa scoil: chun an dalta a áireamh in íocaíocht chaipitíochta na scoile (ach amháin sa chás go gcuireann an tuismitheoir litir agóide isteach; sa chás sin cruthófar taifead i bpáirt don dalta sin ar P-POD agus áireofar an dalta sin chun críocha caipitíochta). Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Ciorclán 0041/2021 (agus/nó ciorcláin ina dhiaidh sin): gov.ie - Fógra Próiseála Cothroime chun a mhíniú conas a dhéanfar sonraí pearsanta mac léinn in iar-bhunscoileanna ar an mBunachar Sonraí ar Líne d'Iar-bhunscoileanna (PPOD) a thaifeadadh, a phróiseáil agus a chomhroinnt. (www.gov.ie) | **Oibleagáid Dhlíthiúil:** Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá sé de dhualgas ar ETBanna beartas an rialtais a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, faoin Acht Oideachais 1998, tá sé de dhualgas ag scoileanna aitheanta uile a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh '*de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham*". Is é CL 0040/2019 an beartas ábhartha atá i gceist anseo.<br><br>**Údarás dílsithe sa rialaitheoir:** IR Uimh. 317/2015 – Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 4) (Comhroinnt Faisnéise) 2015, a leasaigh Airteagal 189 Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) 2007 (IR Uimh. 142 de 2007), faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | • Orduithe cúirte nó socruithe eile atá i bhfeidhm chun caomhnóireacht nó rochtain ar dhalta a rialú<br>• Sonraí teagmhála éigeandála neasghaoil tríú páirtí (agus na sonraí maidir lena ngaol leis an dalta)<br>• Faisnéis leighis | **Feidhm:**<br>• Chun a chinntiú go scaoiltear an leanbh chuig cúram an duine iomchuí gach lá.<br>• Ar chúiseanna teagmhála i gcás éigeandála.<br>• Chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar shábháilteacht an linbh.<br>• Chun sláinte an dalta a choinneáil agus chun freastal ar riachtanais leighis/cúraim an linbh. | **Leasanna ríthábhachtacha:** A chinntiú gur féidir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás éigeandála, etc. nó tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn oideachais a linbh nó chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi imeachtaí scoile, etc.<br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Leas ríthábhachtach sa chás nach féidir leis an duine is ábhar do na sonraí toiliú a thabhairt go dlíthiúil; toiliú sainráite sa chás go bhfuil sé/sí cumasach go dlíthiúil.** |
| | • Iarratais chuig scoil eile agus/nó áit a ghlacadh i scoil eile | **Feidhm:** Iontráil éifeachtúil daltaí; is féidir le scoileanna dul i gcomhairle scoileanna áitiúla eile maidir leis na hiarratais arna bhfáil acu, go hiomlán chun críche riarachán éifeachtach a dhéanamh ar iarratasóir/daltaí a ligean isteach i scoileanna. | **Údarás dílsithe sa rialaitheoir:** Éilíonn Alt 62(7)(j) den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 ar an iarratasóir a nochtadh cibé an bhfuil sé/sí ag fanacht chun tairiscint iontrála a fháil ó scoil eile, nó an bhfuil siad tar éis glacadh le tairiscint iontrála ó scoil eile. Déantar foráil i gCuid 3 den bhFoirm Ghlactha Iontrála chun na sonraí sin a dhearbhú. Mura gcuirtear na sonraí sin ar fáil, seans nach rollófaí an dalta, de réir an Achta Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018. |
| | • Díolúine ón nGaeilge<br>• Riachtanas RSO [Riachtanais Speisialta Oideachais]<br>• Riachtanais oideachais eile de réir mar a thuairiscíonn an dalta nó an tuismitheoir/caomhnóir ar an bhFoirm Ghlactha.<br><br>I gcás leanaí atá ag aistriú ó scoil eile:<br>• Sonraí oideachais lena n-áirítear na hábhair a | **Feidhm:**<br>• Chun a chinntiú an bhfuil díolúine ón nGaeilge ag an dalta (agus clár ama an dalta a eagrú dá réir sin); á lorg ag an Roinn Oideachais freisin<br>• Chun cabhrú le riachtanais oideachais an dalta, agus chun iarratas a dhéanamh ar acmhainní, etc.<br>• Chun an clár ama a leagan amach | **Oibleagáid dhlíthiúil:** chun an scoil a chumasú freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais an dalta mar chuid dá dualgais faoin Acht Oideachais agus Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna.<br>**Leas an Phobail/Mórchúiseanna Leasa an Phobail:** I gcás daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, go n-aithnítear ceart an linbh chun oideachais faoin dlí idirnáisiúnta: Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh Airteagal 28: *Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh chun oideachais, agus i dtaca le feidhm a thabhairt don cheart seo de réir a chéile agus i gcomhréir le comhionannas deiseanna, glacfaidh siad na céimeanna seo a leanas, go háirithe: (a) Déanfaidh siad* |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ndearnadh staidéar orthu don Teastas Sóisearach<br>● Taifead acadúil roimhe sin (lena n-áirítear tuarascálacha, teistiméireachtaí, measunuithe, agus taifid ar bith eile ó scoil(eanna) ar ar freastalaíodh an dalta).<br>● Uaireanta teagaisc acmhainne agus/nó uaireanta cúnaimh um riachtanais speisialta ceadaithe ag CNOS.<br>● Tacaíocht 'Béarla mar Theanga Bhreise' | mar is cuí agus/nó chun na riachtanais bhreise iomchuí a chur ar fáil;<br>● Chun na sonraí pearsanta seo a chomhroinnt leis na hEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais arna bhfostú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) - an ghníomhaireacht reachtúil arna bunú faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. | *oideachas bunscoile éigeantach agus cuirfidh siad ar*<br><br>*fáil é saor in aisce do chách;(b) Spreagfaidh siad forbairt cineálacha éagsúla oideachas dara leibhéal, ar a n-áirítear oideachas ginearálta agus oideachas gairmeach, cuirfidh siad ar fáil iad do gach leanbh agus beidh rochtain ag gach leanbh orthu, agus glacfaidh siad céimeanna cuí i gcásanna ina bhfuil gátar, mar shaor-oideachas nó tacaíocht airgid a chur ar fáil;* i gcás daoine os cionn 18 mbliana d'aois, na mórchúiseanna leasa an phobail a bhaineann le seans eile a thabhairt do dhaoine leas a bhaint as oideachas agus oiliúint agus *" deiseanna a chur chun cinn d'aosaigh, go háirithe d'aosaigh nár bhain leas nó tairbhe as an oideachas i scoileanna agus iad ina leanaí, chun leas a bhaint as deiseanna oideachais trí oideachas aosach agus oideachas leanúnach" (alt 6(d) an tAcht Oideachais 1998)* chun feabhas a chur ar a ndeiseanna gairme agus forbartha pearsanta amach anseo, chun cuimsiú sóisialta níos fearr a éascú, ar bhunús dhlí an Aontais nó dhlí Ballstáit (go sonrach, feidhm reachtúil an ETB oideachas agus oiliúint a sholáthar i gcomhréir le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013). |
| | ● Dhá ghrianghraf pas ceannann céanna | **Feidhm:** Ag teastáil chun aitheantas a fhíorú. | **Oibleagáid dhlíthiúil:** chun an scoil a chumasú a dualgais a chomhlíonadh faoin Acht Oideachais agus Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna.<br>**Leas an Phobail/Mórchúiseanna Leasa an Phobail:** Chun a chinntiú gurb é/í an duine céanna a thagann ar scoil agus an duine a comhlánaíodh an t-iarratas ar a s(h)on. |
| | ● Tuarascáil Teiripe Saothair (nuair is gá iarratas a dhéanamh ar an Roinn Oideachais chun cóiríocht bhreise a fháil/ athchóiriú a dhéanamh chun riachtanais an duine is ábhar do na sonraí a éascú). | **Feidhm:** Ag teastáil chun iarratas a dhéanamh ar an Roinn Oideachais chun cóiríocht bhreise a fháil/ athchóiriú a dhéanamh chun riachtanais an duine is ábhar do na | **Oibleagáid dhlíthiúil:** chun an scoil a chumasú a dualgais a chomhlíonadh faoin Acht Oideachais 2004, agus Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna.<br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Leas ríthábhachtach sa chás nach féidir leis an duine is ábhar do na** |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | sonraí a éascú). | **sonraí toiliú a thabhairt go dlíthiúil; toiliú sainráite sa chás go bhfuil sé/sí cumasach go dlíthiúil.** |
| | **Ag/i ndiaidh chéim an rollaithe** | | |
| | Pas Oideachais (Cárta Tuairisce deireadh Rang 6 maidir le haistriú chuig an iar-bhunscoil). Áirítear leis sin:<br><br>● Ainm<br>● Dáta Breithe<br>● Bunscoil ar a bhfreastalaíodh<br>● Foirm an Tuismitheora a ghabhann le 'Próifíl mo Linbh'<br>● Foirm an Linbh 'Mo Phróifíl' | **Feidhm:**<br>Ullmhaíonn bunscoileanna an Cárta Tuairisce seo ag deireadh Rang 6 maidir le haistriú chuig an iar-bhunscoil. Luaitear é seo a leanas ar theimpléad CNCM: *"seolfaimid cóip den charta tuairisce seo chuig scoil nua do pháiste chun tacú lena (h)aistriú chuig an iar-bhunscoil. Déanfaimid amhlaidh tar éis do phríomhoide na bunscoile a dhearbhú go bhfuil do pháiste rollaithe don scoilbhliain nua".*<br>Chun tuilleadh eolais a fháil, féachoutline-of-transfer-process-2020-1.pdf (ncca.ie)<br>Pas Oideachais \| CNCM | **Comhlíonadh le hoibleagáid dhlíthiúil agus údarás dílsithe sa rialaitheoir:** Foráiltear le halt 20(5) den Acht Oideachais (Leas) 2000: *"Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, ar fhógra faoi fho-alt (3) a fháil i leith linbh, na nithe seo a leanas a chur in iúl do phríomhoide na chéad scoile a luaitear san fho-alt sin— (a) aon fhadhbanna i ndáil le freastal scoile a bhí ag an leanbh lena mbaineann le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear ann, nó (b) cibé nithe eile is cuí leis nó léi i ndáil le dul chun cinn oideachasúil an linbh."*<br>Tá na prótacail a thacaíonn leis an bpróiseas seo leagtha amach i gCiorcláin 42/2015 agus 34/2016 de chuid na Roinne Oideachais. |
| | Íomhánna TCI<br>● Píosaí scannánaíochta<br>● Íomhánna fráma socair | **Feidhmeanna:**<br>Tá TCI i bhfeidhm ar imeall an áitribh ETB, lasmuigh de agus in áiteanna comhchoitianta áirithe laistigh den áitreabh chomh maith. Tá na feidhmeanna a bhaineann le TCI leagtha amach sa Bheartas TCI; ta cóip den Bheartas TCI ar fáil ach ríomhphost a chur chuig dataprotection@donegaletb.ie | **Leas an phobail/mórchúiseanna leasa an phobail agus leas dlisteanach an rialaitheora:** go sonrach chun a chinntiú go bhfuil áitreabh an ETB cosanta, chun coireacht a chosc, chun coireacht a aimsiú, a fhiosrú agus a ionchúiseamh, agus chun gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun an fhoireann agus na daltaí a chosaint. Ós rud é nach feidhm/tasc reachtúil den ETB é seo, braitear ar Airteagal 6(f) RGCS mar bhunús dlíthiúil. |
| | ● Sonraí cárta leighis | **Feidhmeanna:** Ag teastáil chun a dhearbhú don scoil go bhfuil dalta díolmhaithe ó tháillí na scrúduithe | **Oibleagáid dhlíthiúil:** Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá sé de dhualgas ar ETBanna beartas an rialtais a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, faoin Acht Oideachais 1998, tá |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | stáit. In 2018, thug Coimisiún na Scrúduithe Stáit áis ar líne isteach a ligeann d'iarrthóirí na táillí scrúdaithe a íoc nó iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó tháillí ar fees.examinations.ie. Iarrtar ar údaráis scoile taifid a choinneáil maidir le hiarrthóirí a íocann an táille iomchuí nó a dhéanann iarratas ar dhíolúine bunaithe ar an gcárta leighis. Caithfidh an t-iarrthóir dearbhú íocaíochta nó iarratas ar dhíolúine bunaithe ar an gcárta leighis arna dhéanamh ag iarrthóirí ar líne a chur ar ais chuig an scoil agus ní mór don scoil é a choinneáil ar an taifead.<br>Maidir le daltaí Cláir Iar-Ardteistiméireachta (PLC): Caithfidh gach foghlaimeoir Ranníocaíocht Rannpháirtithe a íoc in aghaidh na bliana. Caithfidh soláthróirí tuairisceán a dhéanamh ar an Roinn ina leagtar amach líon iomlán na rannpháirtithe atá rollaithe agus líon iomlán na rannpháirtithe atá díolmhaithe ón ranníocaíocht a íoc. Caithfidh soláthróirí fianaise a lorg agus a choinneáil go bhfuil an rannpháirtí díolmhaithe ón ranníocaíocht a íoc. | sé de dhualgas ag scoileanna aitheanta uile a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh '*de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham*". I gcás go bhfuil an fhaisnéis seo ag teastáil ón Roinn Oideachais, i gcomhréir le Ciorclán, caithfidh ETBanna an fhaisnéis sin a bhailiú. Leagtar amach thíos na sonraí a bhaineann leis na Ciorcláin iomchuí.<br><br>**Údarás dílsithe sa rialaitheoir:** S12/19: https://www.examinations.ie/schools/cs_view.php?q=87f6f01509650bd5cd9db4a5fe222460415f85aa agus CL0013/2011: https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0013_2011.pdf. |
| | **Ag/i ndiaidh chéim an rollaithe, féadfaidh go mbeidh na sonraí seo a leanas á lorg, bunaithe ar Thoiliú:** | | |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | I gcás Scoileanna Náisiúnta Pobail, ballraíocht de chreideamh/reiligiún eagraithe ionas go mbeidh an scoil in ann teagasc reiligiún a chur ar fáil lasmuigh d'uaireanta scoile agus teagmhail a dhéanamh leis an bpobal creidimh áitiúil iomchuí de bhun iarratais an tuismitheora. | **Roghnach**<br>**Feidhm**: chun úsáid foirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile a éascú le haghaidh teagaisc reiligiúnach má lorgaíonn an tuismitheoir teagasc reiligiúnach dá leanbh i Scoil Náisiúnta Pobail lasmuigh d'uaireanta scoile. | **Oibleagáid dhlíthiúil:** Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá sé de dhualgas ar ETBanna beartas an rialtais a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, faoin Acht Oideachais 1998, tá sé de dhualgas ag scoileanna aitheanta uile a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh '*de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham*".<br>**Ar mhaithe le leas an phobail:** feidhmiú cearta tuismitheoirí a éascú faoi Airteagal 42.1 den Bhunreacht: *" ráthaíonn [an Stát] gan cur isteach ar cheart doshannta ná ar dhualgas doshannta tuistí chun oideachas de réir a n-acmhainne a chur ar fáil dá gclainne i gcúrsaí creidimh, moráltachta, intleachta, coirp agus comhdhaonnachta."*<br>**Toiliú:** Roghnú a bheith rannpháirteach, más inmhianaithe. Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith.<br><br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Toiliú sainráite** tuismitheora / an duine is ábhar do na sonraí |
| | Teagasc/Oideachas Reiligiúnach | **Roghnach**<br>**Feidhm:** Ag teastáil ó Choláistí Pobail Ainmnithe i gcásanna áirithe chun a chinntiú an bhfuil an dalta ag féachaint le freastal ar an rang reiligiúin atá á chur ar fáil ag an scoil, ar mhaithe le cúrsaí pleanála agus leithdháilte acmhainní scoile. | **Toiliú:** Roghnú a bheith rannpháirteach, más inmhianaithe. Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith.<br><br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Toiliú sainráite** tuismitheora / an duine is ábhar do na sonraí |
| | Roghanna tuismitheora/dalta maidir le teagmháil dírmhargaíochta (e.g. promóisin, etc.) Agus toiliú againn, baileoimid uimhreacha fóin póca agus/nó seoltaí ríomhphoist ar chúiseanna teagmhála dírmhargaíochta. | **Roghnach**<br>**Feidhm**: ionas go mbeidh a fhios againn cibé an bhfuil cead againn teagmháil a dhéanamh leat ar chúiseanna teagmhála dírmhargaíochta. | **Toiliú:** Is féidir toiliú sainráite a thabhairt maidir le próiseáil do shonraí pearsanta ar chúiseanna teagmhala dírmhargaíochta más mian leat, ach is rud roghnach amach is amach é sin. Sa chás go dtugtar toiliú, is féidir é a tharraingt siar am ar bith. |
| | Grianghraif agus íomhánna taifeadta de dhaltaí (lena n-áirítear ag imeachtaí scoile agus ag léiriú éachtaí), gan taifeadtaí TCI a áireamh (Beartas | **Roghnach**<br>**Feidhm:** Chun éachtaí scoile a cheiliúradh, bliainirisí a chur le | **Toiliú:** an duine is ábhar do na sonraí nó tuismitheoir/caomhnóir thar ceann an duine is ábhar do na sonraí. Is féidir an Toiliú seo a tharraingt siar am ar bith ach ní scriosann sé sin próiseáil |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ar leith). | chéile, suíomh gréasáin scoile a bhunú, imeachtaí scoile a thaifeadadh, agus taifead a choinneáil maidir le stair na scoile/an ionaid/an chláir. | shiarghabhálach amhail grianghraf i mbliainiris. |
| | Aitheantas eitneach/cultúrtha | **Roghnach**<br>**Feidhm:** Á lorg ag an Roinn Oideachais (Aguisín A Ciorclán 0023/2016) | **Leas an Phobail:** Úsáideann an Roinn an fhaisnéis seo ar chúiseanna anailíse agus tuairiscithe staitistiúla sna réimsí ionchuimsitheachta sóisialta agus comhtháite daltaí sa chóras oideachais.<br>**Toiliú:** is féidir leis an duine is ábhar do na sonraí/tuismitheoir an cinneadh a dhéanamh.<br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Toiliú sainráite** tuismitheora / an duine is ábhar do na sonraí |
| | **Sonraí daltaí (lena n-áirítear sonraí catagóire speisialta) a chomhroinneann scoileanna leis an Roinn Oideachais tríd an POD/P-POD** | | |
| | • Ainm<br>• Seoladh, Éirchód san áireamh<br>• Uimhir PSP:<br>• Náisiúntacht<br>• Inscne<br>• Sloinne breithe na máthar<br>• Dáta breithe an dalta<br>• Rang (múinteoir/ainm an ranga)<br>• Caighdeán cumais reatha<br>• Dátaí rollaithe & fágála<br>• Ceann scríbe an dalta<br>• Cibé an bhfuil an dalta i rang speisialta: cineál ranga, leibhéal comhtháthaithe an dalta sa rang príomhshrutha<br>• Cibé an bhfuil an dalta i scoil speisialta agus má tá, catagóir an deontais caipitíochta a íoctar i leith an dalta sin,<br>• Iontrálaí nua/Ath-iontrálaí/Cúis | **Feidhm:**<br>I gcás daltaí bunscoile agus daltaí iar-bhunscoile, lorgaíonn an Roinn Oideachais sonraí pearsanta trí POD agus P-POD faoi seach, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachais daltaí de réir agus a théann siad tríd an gcóras oideachais bunscoile agus ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil. Tugann na tuairisceáin faisnéis riachtanach don Roinn a ligeann do lucht na Roinne beartas oideachais a fhorbairt agus a mheas, leithdháileadh múinteoirí a ríomh, caipitíocht, íocaíochtaí deontais do scoileanna, leithdháileadh acmhainní a chinneadh, anailís agus tuairisciú | **Oibleagáid dhlíthiúil agus Leas an phobail/mórchúiseanna leasa an phobail:** go sonrach go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an ETB agus go bhfaigheann sé na híocaíochtaí deontais agus leithdháiltí múinteoirí go léir dá bhfuil sé incháilithe chun oideachas iomchuí a sholáthar do dhaltaí. Féadfaidh comhlacht sonraithe (lena n-áirítear agus scoileanna oideachais bunaithe, agus ETB) faisnéis fhorordaithe a chomhroinnt leis an Roinn Oideachais nó leis an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) de réir alt 262(6)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005. Is é atá leagtha amach sa liosta seo ná faisnéis "fhorordaithe" chun críocha alt 266 Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 agus IR 317/2015 Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 4) (Comhroinnt Faisnéise) 2015, a leasaigh Airteagal 189 de IR 142/2007 Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) 2007.<br><br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Toiliú Sainráite:** I gcás na gcatagóirí atá marcáilte le réiltín. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Socrúchán gearrthéarmach agus fad<br>● Dalta cónaithe nó dalta lae<br>● Díolúine ón nGaeilge / cúis<br>● Tacaíocht foghlama (cineál san áireamh)<br>● Cibé an bhfuil Gaeilge nó Béarla ar cheann amháin de na máthairtheangacha atá ag an dalta *<br>● Cúlra Eitneach/Cultúrtha<br>● Reiligiún* | staitistiúil a dhéanamh maidir le hionchuimsiú sóisialta, comhtháthú daltaí agus ar chúiseanna pleanála.<br><br>Ó thaobh na scoile de, mura gcuirtear an fhaisnéis seo ar fáil, ní chuirfear an dalta san áireamh in íocaíocht capitíochta agus leithdháileadh múinteoirí na scoile (ach amháin sa chás go gcuireann an tuismitheoir litir agóide isteach; sa chás sin cruthófar taifead i bpáirt don dalta sin ar P-POD agus áireofar an dalta sin chun críocha caipitíochta).<br>*Tá na nithe marcáilte le * roghnach, agus ní chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí an fhaisnéis seo a chur ar fáil mura dtoilíonn siad.* | **Nóta tábhachtach chuig Daltaí agus tuismitheoirí**: más mian le dalta nó tuismitheoir agóid a dhéanamh i gcoinne a sonraí a gcomhroinnt leis an Roinn Oideachais tríd an gcóras POD/P-POD, ba cheart dóibh scríobh chuig an scoil chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoina n-agóid. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Ciorclán 37/2016 de chuid na Roinne Oideachais, leathanach 2 (alt 2(a) (agus/nó aon Chiorclán ina dhiaidh sin) i gcás bunscoileanna/POD agus Ciorclán 41/2021 (agus/nó aon Chiorclán ina dhiaidh sin) i gcás iar-bhunscoileanna/P-POD. |
| | **Achomhairc faoi alt 29 den Acht Oideachais (1998) ar chinneadh scoile dalta a dhiúltiú, a chur ar fionraí nó a dhíbirt.** | | |
| | I measc na sonraí pearsanta a phróiseálfar mar chuid den phróiseas seo, beidh na doiciméid ais a mholtar sa doiciméad de chuid an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais: Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna ar fáil ag: https://www.tusla.ie/uploads/content/guidelines_school_codes_gae.pdf, lena n-áirítear:<br>● Taifid a bhaineann leis an gCód Iompair (gearáin, fiosrúcháin, miontuairiscí, litreacha) | Is próiseas reachtúil é seo a leagtar amach in alt 29 den An tAcht Oideachais 1998. Sa chás go ndéanann tuismitheoir nó dalta os cionn 18 mbliana d'aois achomharc faoi alt 29, aistreoidh an ETB na sonraí pearsanta a bhaineann leo/lena leanbh chuig an Roinn Oideachais ionas gur féidir leis an Roinn an t-achomharc a riar, éisteacht alt 29 a reáchtáil, etc. | **Oibleagáid Dhlíthiúil a Chomhlíonadh:** go sonrach, alt 29 den Acht Oideachais 1998.<br><br>**Leas an Phobail/Mórchúiseanna Leasa an Phobail**: Go sonrach, leas an phobail/mórchúiseanna leas an phobail maidir le<br>● ceart an linbh chun oideachais a chinntiú, agus a chinntiú go mbíonn aon chinneadh dalta a dhiúltiú, a chur ar fionraí nó a dhíbirt dleathach agus comhréireach.<br>● chun a chinntiú nach gcuireann drochiompar daltaí eile isteach go mór ar fhoghlaim daltaí eile.<br>● chun a chinntiú nach mbíonn drochiompar / iompar dainséarach dalta ina chúis ciaptha nó imní do dhaltaí eile nó |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Taifid maidir le hidirghabhálacha ar baineadh úsáid astu agus teagmhálacha le gníomhaireachtaí seachtracha, *e.g.* an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Oifigeach Leasa Oideachais.<br>● TCI ag léiriú teagmhais de sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair (chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar an mBeartas TCI).<br>● Iarratas ar fhoirmeacha rollaithe i gcás diúltú rollaithe<br>● Sonraí ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don achomhairc. | | do baill foirne, nó nach mbagraíonn sé a gcuid sábháilteachta fisiciúil.<br><br>**Leasanna ríthábhachtacha:** go sonrach chun a chinntiú nach bhfulaingíonn daltaí nó baill foirne iompar a d'fhéadfadh a bheith dainséarach nó foréigneach ó dhalta eile. |
| | **Sonraí daltaí (lena n-áirítear sonraí catagóire speisialta) á lorg faoin gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoirí (PLSS)** | | |
| | ● Ainm<br>● Seoladh<br>● Eircode/Postchód:<br>● UPSP<br>● Uimhir theileafóin (fón póca)<br>● Uimhir theileafóin (líne thalún)<br>● Ríomhphost<br>● Inscne<br>● Dáta Breithe<br>● Náisiúntacht<br>● Tír bhreithe<br>● Ainm teagmhálaí éigeandála<br>● Uimhir theileafóin teagmhálaí éigeandála<br>● Sonraí teagmhála Tuismitheora/Caomhnóra má tá an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois<br>● Uimhir cárta leighis<br>● Dáta éaga cárta leighis | **Feidhm:**<br>1. Chun teagmháil a dhéanamh leat maidir leis an iarratas.<br>2. Chun an iarratas a riar agus measúnú a dhéanamh ar d'incháilitheacht clár Breisoideachais agus Oiliúna (BO) arna mhaoiniú ag SOLAS a dhéanamh i mbliain acadúil áirithe.<br>3. Chun teagmháil leantach a dhéanamh leat nuair a fhaightear an t-iarratas, de réir mar is cuí.<br>4. Do thaifead foghlaimeora a choinneáil (lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí an chúrsa). | **Oibleagáid Dhlíthiúil:** ETB ag comhlíonadh na gceanglas a bhaineann lena mhaoiniú, de réir na ndualgas dlíthiúil atá air faoi alt 21 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013; i measc na gcoinníollacha sin caithfear sonraí a thabhairt do SOLAS chun a oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 1304/2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 17 Nollaig 2013 ('Rialachán CSE').<br>Cúlra:<br>De réir an Achta um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013, tá SOLAS freagrach as cláir breisoideachais agus oiliúna a mhaoiniú, a phleanáil agus a chomhordú. Beidh ETBanna freagrach as breisoideachas agus oiliúint a sholáthar agus déanfar iad a chumasú chun comhpháirtíocht a dhéanamh le, nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar do, soláthróirí eile breisoideachais agus oiliúna.<br><br>Luaitear in Airteagal 125(d) den Rialachán CSE go ndéanfaidh SOLAS (mar údarás bainistíochta), "*córas a bhunú chun sonraí maidir le* |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Sonraí íocaíochta Leasa Shóisialaigh *(dóibh siúd atá lasmuigh den LEE)*<br>● Cárta inimirce (Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce) T/N<br>● Dáta éaga cárta inimirce<br>● Litir maidir le ceadanna um margadh saothair T/N<br>● An ghnóthachtáil oideachais is airde<br>● Bliain<br>● Teideal an chúrsa<br>● Tír (más taobh amuigh d'Éirinn)<br>● Aitheantas réamhfhoghlama T/N<br>● Tacaíocht foghlama de dhíth (Béarla; Uimhearthacht, Litearthacht, Litearthacht Dhigiteach, Tacaíocht ar bith, Eile)<br>● Stádas eacnamaíoch<br>● Cathain a thosaigh an stádas eacnamaíoch?<br>● Dátaí<br>● Fostaíocht dheireanach/reatha<br>● Teideal an phoist:<br>● Tréimhse ama sa phost<br>● Páirtaimseartha/lánaimseartha<br>● Stádas fostaíochta<br>● Cineál an chonartha<br>Má tá an Foghlaimeoir faoi bhun 18 mbliana d'aois, déantar an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh ar Fhoirm Toilithe Tuismitheora freisin:<br>● Ainm Tuismitheora/Caomhnóra<br>● Uimhir Theileafóin Tuismitheora/Caomhnóra<br>● Ríomhphost Tuismitheora/Caomhnóra<br><br>**Cuid 5 den fhoirm – "Tuilleadh sonraí" ROGHNACH** | 5. Próisis an chúrsa a bhainistiú (lena n-áirítear tosú, cur i gcrích, forchéimniú).<br>6. Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil trí Treoirsheirbhísí an tSoláthróra BO, nuair atá a leithéid ar fáil.<br>7. Chun teagmháil a dhéanamh leat tar éis an chúrsa a chur i gcrích ar mhaithe le tionchar an chúrsa a thomhas maidir le páirt a ghlacadh i mbreisoideachas agus oiliúint agus/nó fostaíocht.<br>8. Chun rianú agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí an chláir BO.<br>**9.** Chun cloí le ceanglais mhonatóireachta agus tuairiscithe an Aontais Eorpaigh.<br>10. Chun seiceáil/bailíochtú a dhéanamh ar do shonraí pearsanta: chun tacú chun d'iarratas a phróiseáil go éifeachtach, féadfaidh go mbeidh ar an ETB cruinneas d'fhaisnéise pearsanta a sheiceáil le foinsí seachtracha sonraí. Mar shampla, má tá tú tar éis teastas a bhaint amach ó institiúid eile, féadfaidh go mbeidh ar sholáthróir an chláir teagmháil a dhéanamh leis an institiúid/na hinstitiúidí eile chun na cáilíochtaí a dhearbhú. | *gach oibríocht is gá chun faireachán, meastóireacht, bainistíocht airgeadais, fíorú agus iniúchadh a dhéanamh,* ***<u>lena n-áirítear sonraí maidir le rannpháirtithe aonair</u>*** *in oibríochtaí, i gcás inarb infheidhme, a thaifeadadh agus a stóráil i bhfoirm ríomhairithe*". (Béim curtha leis.)<br><br>Go bunúsach, ionas gur féidir le SOLAS a mhaoiniú a fháil, ní mór dó measúnú a dhéanamh ar sholáthar BO ar mhaithe le tuairisciú a dhéanamh don Choimisiún Eorpach maidir le buntáistí agus úsáidí an chómhaoinithe CSE a fuair Éire. Ar mhaithe leis an tuairisciú seo a chur i gcrích, bíonn ar SOLAS anailísiú sonraí a dhéanamh agus úsáidtear na sonraí a bhailítear sa chóras PLSS chuige sin. (Is foireann feidhmchlár bogearraí é PLSS a dheartar chun cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le Sonraí Pearsanta úsáideoirí PLSS agus cláir BO arna maoiniú ag SOLAS (nó dreamanna eile), chomh maith le haschuir, torthaí agus feidhmíocht na gclár sin, a bhailiú agus a phróiseáil.)<br><br><u>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9</u><br>**Mórchúiseanna leasa an phobail:** Ceann d'aidhmeanna an Rialacháin CSE ná a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais sochaí agus BO grúpaí áirithe laistigh den tsochaí. Teastaíonn tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún Eorpach chun measúnú a dhéanamh ar sholáthar cómhaoinithe BO (i.e éifeachtúlacht agus buntáistí) agus chun a chinntiú nach bhfuil idirdhealú á dhéanamh i leith grúpa ar bith sa tsochaí. Chuige sin, caithfear tacar sonraí iomlán ina bhfuil athróga éagsúla sonraí pearsanta a chur ar fáil (e.g. inscne, stádas fostaíochta, aois, leibhéal oideachais agus staid an teaghlaigh) chun samplaí ionadaíochta a sholáthar chun tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar sholáthar an chómhaoinithe CSE.<br><br>**Toiliú sainráite:** Tá sé iomlán deonach na catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus na sonraí faoi alt 5 den fhoirm PLSS a chur ar fáil, agus tá sé go hiomlán de rogha an fhoghlaimeora an fhaisnéis sin a |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Cúlra Eitneach agus Cultúrtha<br>● Stádas teaghlaigh<br>● Iarchiontóir / mí-úsáid substaintí / duine gan dídean<br>● Breoiteacht/riochtaí fadtéarmacha<br>● Ag tabhairt cúraim do chara/duine muinteartha<br>● Stádas cónaitheachta (más duine ó áit éigin lasmuigh den LEE atá i gceist) | Nuair a dhéanann foghlaimeoirí iarratas freastal ar chlár BO arna mhaoiniú ag SOLAS, déanfaidh ceann amháin nó níos mó de na haonáin seo a sonraí agus faisnéis phearsanta a choinneáil/phróiseáil: SOLAS, an ETB, ETBI, an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), an Roinn Oideachais (RO), Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ), an Roinn Coimirce Sóisialaigh, an Phríomh-Oifig Staidrimh. | chur ar fáil nó a mhalairt. Bainfear úsáid bhreise as na sonraí sin (e.g. ar chúiseanna tuairiscithe) i bhfoirm chomhiomlán, rud a chiallaíonn go ndéantar na sonraí a ghrúpáil gan aon fhaisnéis aitheantais i bhformáid staitistiúil. Má shocraíonn an duine is ábhar do na sonraí na sonraí sin a chur ar fáil, tá sé/sí ag tabhairt toilithe sainráite na sonraí a úsáid chun na críocha sin. Tá sé de cheart ag foghlaimeoirí toiliú a tharraingt siar am ar bith maidir le catagóirí speisialta a sonraí pearsanta a phróiseáil, sa chás go bhfuil siad á bpróiseáil chun na críocha thuasluaite. |
| | **Seirbhís Treorach um Oideachas d'Aosaigh (lena n-áirítear Seirbhís Faisnéise)** | | |
| | **<u>Catagóirí Éigeantach:</u>**<br>· **Ainm**<br>· **Dáta na Chéad Teagmhála**<br>· **Baile**<br>· **Contae**<br>· **Tír Bhreithe** (fill ar Éire mura roghnaítear tír eile)<br>· **Inscne:** Fireann/Baineann<br>· **Suíomh:** Cathair/Contae<br>· **Garshonraí Breithe**<br>· **Catagóir:** cúramóirí/Fir faoi mhíbhuntáiste /Mná faoi mhíbhuntáiste/Luathfhágálaí Scoile +16y- 18yrs / Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile a bhfuil Teanga & Litearthacht de dhíth orthu, Iarchiontóirí/Iarchónaitheoirí/Teaghlach d'Institiúid Oideachais Ainmnithe/ Daoine gan dídean/Dífhostaithe go fadtéarmach/Gan a bheith ag Obair (neamh-incháilithe don Bheochlár)/Daoine faoi | Tá an fhaisnéis seo ag teastáil uainn chun tú a chur i dtreo an seirbhíse iomchuí/chun seirbhísí ábhartha a chur ar fáil agus féadfaidh í a úsáid ar chúiseanna staitistiúla agus taighde ó thaobh maoinithe agus seirbhíse dírithe.<br><br>Coinnítear na sonraí pearsanta seo ar chórais an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachais (agus féadfaidh go n-úsáidfear iad ar chúiseanna staitistiúla agus taighde ó thaobh maoinithe agus seirbhíse dírithe). | **Oibleagáid dhlíthiúil:** Próiseálann ETB Dhún na nGall Sonraí Pearsanta de bhun a oibleagáidí faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, an tAcht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013, agus i gcásanna áirithe, chun cloí le ceanglais mhonatóireachta agus tuairiscithe an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 1304/2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.<br><br>Bhunaigh an Roinn Oideachais an Tionscnaimh um Threoir san Oideachas Aosach (AEGI) chun treoirsheirbhísí oideachais d'aosaigh a fhorbairt do na haosaigh sin a bhí ag freastal, nó a theastaigh uathu freastal, ar oideachas d'aosaigh, ar oideachas pobail nó ar an ath-oideachas. Rinne an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO), gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais a fheidhmíonn faoi choimirce Léargas, seirbhísí AEGI a comhordú, a bhainistiú agus a mhonatóiriú thar ceann na Roinne Oideachais. Ó bunaíodh SOLAS agus na ETBanna, tá bainistiú á dhéanamh ar |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | mhíchumas/Mí-úsáideoirí Substaintí/Taistealaithe/Dífhostaithe Tús áite do Ghníomhachtú)/Riachtanais Daoine atá ag Obair le Scileanna Bunúsacha/Tuismitheoirí Aonair.<br>· **Catagóir Reatha:**<br>SDOG/Litearthacht/Oideachas Aosaigh & Pobail/Fo-chatagóir um Oideachas Pobail/BTEI<br>Oid. Pobail/Oid. Pobail/eile.<br>· **Catagóir Áitiúil Eile**: Réamh SDOG/Réamh-Litearthacht/Iar-Litearthacht/eile/Réamh-Oideachas Aosaigh & Pobail/Iar-Oideachas Aosaigh & Pobail<br>· **Catagóir Áitiúil 2:** Iar-Chónaitheoir/Gaol<br>· **Forchéimniú:** Réidh don Oideachas/Réidh don Fhostaíocht<br>/Eile<br>· **Forchéimniú Beartaithe/Iarbhír**<br><br>**Is sonraí éigeantacha iad seo a leanas chun taifead a dhéanamh i gcás cruinnithe le cliant:**<br>Dátaí & Amanna cruinnithe, tréimhse ama – Seirbhís ar baineadh leas as: Gairmthreoir/Treoir Oideachais<br>/Comhairleoireacht/Eolas | | seirbhísí AEGI mar chuid de Sholáthar Comhtháite BO agus Seirbhísí Tacaíochta sna ETBanna.<br>Tá treoirlínte feidhmíochta AEGI 2012 de chuid na Roinne Oideachais fós i bhfeidhm go dtí go mbeidh Treoirstraitéis BO comhaontaithe go náisiúnta forbartha.<br><br>Tá an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach (AGMS) á bainistiú ag LNTO. |
| | <u>**Catagóirí Roghnacha**</u><br>● **Sonraí Teagmhála**: Seoladh/guthán/fón póca/ríomhphost<br>● Dáta Breithe<br>● **Baic ar Fhorchéimniú:** Cúram Leanaí/Cúram Daoine | Roghnach, ach gan an fhaisnéis seo ní féidir linn teagmháil a dhéanamh leat/tú a chur ar an eolas faoi coinní le seirbhísí molta.<br><br>Chun oibleagáid reachtúil a chomhlíonadh maidir le tacaíochtaí | **Oibleagáid dhlíthiúil:** Próiseálann ETB Dhún na nGall Sonraí Pearsanta de bhun a oibleagáidí faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, an tAcht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013, agus i gcásanna áirithe, chun cloí le ceanglais mhonatóireachta agus tuairiscithe an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 1304/2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | Eile/Míchumas/Iompar/Incháilitheacht/Airgeadas/Eile<br>● Ag freastal ar Chlár/Grúpa BO ETB Dhún na nGall faoi láthair<br>● Leibhéal Oideachais Foirmiúil Reatha: Cúrsa Reatha/Ionad/Clár Reatha/Nótaí Tráchta Oideachais;<br>● Stádas Fostaíocht Reatha: Íocaíocht DEASP má bhaineann/Nótaí Tráchta Fostaíochta<br>Féadfaidh faisnéis eile a bhailiú go háitiúil, e.g.<br>- Stádas Cónaitheachta, chun cabhrú ó thaobh daoine a threorú chuig cúrsaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, ag brath ar stádas an fhoghlaimeora.<br>- Faisnéis a d'fhéadfadh a nochtadh ag cruinnithe /seisiúin a d'fhéadfadh a thaifeadadh amhail Sonraí Leighis, ag cabhrú sa chás go mbíonn tacaíochtaí breise nó cúrsaí ábhartha ag teastáil, *etc*.<br>- Sonraí a bhaineann le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois, sonraí teagmhála tuismitheoirí/neasghaoil. | oideachais iomchuí a sholáthar don duine is ábhar do na sonraí agus chun ár ndualgas cúraim don duine is ábhar do na sonraí a chomhlíonadh freisin.<br><br>**Feidhm:**<br>Cabhróidh an fhaisnéis bhreise chun díriú ar riachtanais an duine is ábhar do na sonraí agus cabhróidh sí leis an AEGI croísheirbhísí dírithe a chur i bhfeidhm.<br>- chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaoine is ábhar do na sonraí agus tacaíocht/seirbhísí/tacaíocht teiripeacha a sholáthar nuair is gá. Treoir a thabhairt maidir le forchéimniú.<br>- Coinníonn an tSeirbhís AEGI sonraí pearsanta go háitiúil agus coinneofar roinnt faisnéise ar na córais LNTO (ar chúiseanna staitistiúla agus taighde ó thaobh maoinithe agus seirbhíse dírithe). | **Oibleagáid Dhlíthiúil a chomhlíonadh:** agus feidhmeanna oifigiúla an ETB á gcomhlíonadh agus leana chinntiú go bhfuil ETB Dhún na nGall i staid iomchuí chun a dhualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh.<br><br>**Conradh:** I gcás an bhreisoideachais, fostú seirbhísí, is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;<br><br>**NB. Is Seirbhís Phoiblí Ginearálta é seo agus ní gá gur úsáideoirí seirbhísí ETB reatha iad úsáideoirí.**<br><br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Toiliú sainráite an duine is ábhar do na sonraí** |
| | **Dul chun cinn acadúil agus sonraí pearsanta eile arna bhailiú le linn thréimhse an dalta/an fhoghlaimeora sa scoil/san ionad oideachais** | | |
| | ● Dul chun cinn agus torthaí acadúla<br>● Scripteanna scrúdaithe<br>● Torthaí na Scrúduithe Stáit | **Feidhm:** Próiseálann an ETB na sonraí pearsanta seo chun oideachas a chur ar dhaltaí, agus chun dul chun | **Comhlíonadh le hoibleagáid dhlíthiúil:** An tAcht Oideachais 1998; Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013; An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012, |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Torthaí teisteanna/scrúduithe ionscoile<br>● Measúnú leanúnach agus tuarascálacha deireadh téarma/bliana<br>● Obair scríofa/meáin, ealaíne, deartha an duine is ábhar do na sonraí | cinn an dalta a mheas, chun an dalta a chlárú do na Scrúduithe Stáit (an tSraith Shóisearach, Sraith na hArdteiste), chun obair an dalta a chur ar aghaidh chuig an bhforas aitheanta creidiúnaithe, etc.<br><br>Ní féidir linn ár n-oibleagáid reachtúil a chomhlíonadh chun oideachas iomchuí a chur ar dhaltaí agus/nó ár ndualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh ach an oiread gan an fhaisnéis seo a fháil. | Rialachán (AE) 1304/2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 17 Nollaig 2013.<br><br>Ceanglais tuairiscithe faoi Chlár Rialtas na hÉireann agus Ciste Sóisialta na hEorpa um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim 2014-2020 agus cláir rialtais eile ina dhiaidh sin. |
| | Foirm um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus nochtadh maidir le:<br>Clár Malairte Daltaí<br>Daltaí ar thaithí oibre (seachas daltaí bunscoile). | **Feidhm:** Cé nach mbíonn sé éigeantach de ghnáth dul ar shocrúcháin oibre nó chláir mhalairte, más mian le dalta a leithéid a dhéanamh, seans go mbeidh grinnfhiosrúchán reachtúil ag teastáil. Nuair a bheidh sé ag teastáil/á lorg, cabhróidh an ETB leis an dalta Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bhaint amach (le toiliú an dalta agus a t(h)uismitheora) ionas go mbeidh sé/sí in ann cóip de (le toiliú an dalta agus a t(h)uismitheora) a thabhairt d'fhostóir na taithí oibre. | **Oibleagáid dhlíthiúil:** Faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, éilítear nochtadh grinnfhiosrúcháin maidir le hobair ábhartha ar bith.<br><br>**Toiliú:** Is féidir grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhaltaí os cionn 16 bliana d'aois agus faoi bhun 18 mbliana d'aois le toiliú tuismitheora/caomhnóra. |
| | ● Taifid tinrimh, lena n-áirítear Cláir agus Leabhair Rolla, etc.<br>● Eolas maidir le cúiseanna asláithreachta | **Feidhm:** Tá sé de dhualgas ar scoileanna fógraí reachtúla a dhéanamh chuig an Oifigeach Leasa Oideachais (TUSLA)in imthosca áirithe, amhail nuair a chuirtear an dalta ar fionraí ar feadh 6 lá nó níos | **Oibleagáid Dhlíthiúil a Chomhlíonadh:** go sonrach, alt 21 den Acht Oideachais (Leas) 2000**:** *"(1) Cuirfidh príomhoide scoile aitheanta faoi deara go ndéanfar taifead ar fhreastal nó ar neamhfhreastal, gach lá scoile, ag gach mac léinn atá cláraithe sa scoil, a chothabháil i leith gach scoilbhliana. (2) Sonrófar an méid seo a leanas i dtaifead a chothabhálfar faoi fho-alt (1), is é sin le rá: (a) i gcás ina* |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | faoide, nuair a bhíonn an dalta as láthair ar feadh tréimhse chomhlán níos faide ná 20 lá scoile le linn na bliana, agus/nó má bhíonn an Príomhoide den tuairim nach bhfuil an dalta ag freastal ar scoil ar bhonn rialta. | *bhfreastalóidh mac léinn ar an scoil lena mbaineann ar lá scoile, gur fhreastail sé nó sí amhlaidh, nó (b) i gcás ina mainneoidh mac léinn freastal amhlaidh, gur mhainnigh sé nó sí amhlaidh agus na cúiseanna a bhí leis an mainneachtain sin. (3) Déanfar taifead a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis a chothabháil sa scoil aitheanta lena mbaineann agus beidh sé i cibé foirm a shonróidh an Bord.*<br>**Leas an Phobail/Mórchúiseanna Leasa an Phobail:** a chinntiú go bhfuil daltaí ag freastal ar a gcúrsaí, chun líon na ndaoine óga a fhanann san oideachas a mhéadú, chun líon na ndaltaí a chuireann a gcúrsaí oideachais i gcrích a mhéadú, chun tionchar dearfach a imirt ar ráta coinneála na ndaoine óga atá i mbaol na luathfhágála. |
| | Taifid maidir le turasanna scoile, lena n-áirítear duillíní ceada, tuarascálacha ar phlean an turais, doiciméid ar bith a bhíonn ag teastáil ó Rialú Teorann na hÉireann/Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann [1]. | Cé gur rud roghnach de ghnáth é freastal ar thurais scoile etc. (ach amháin nuair is turais allamuigh atá ina chuid lárnach den chúrsa atá i gceist), má roghnaíonn an dalta freastal ar an turas, beidh an fhaisnéis sin ag teastáil uainn chun na socruithe iomchuí taistil/iompair a dhéanamh, na cóimheasanna iomchuí maoirseachta a eagrú, pleanáil fhreagrach a dhéanamh maidir leis an imeacht. | **Oibleagáid dhlíthiúil:** na bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun iompar sábháilte na ndaltaí faoinár gcúram a chinntiú, i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1998. |
| | Faisnéis maidir leis an teanga a labhraítear (ar chúiseanna tacaíochta teanga) agus incháilitheacht le haghaidh díolúine ón nGaeilge. | **Feidhm:** Bailítear é seo chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag an dalta ar thacaíocht teanga (nuair is gá) agus gur féidir iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ón nGaeilge má tá an dalta incháilithe. | **Oibleagáid Dhlíthiúil:** oideachas iomchuí a sholáthar i gcomhréir leis an tAcht Oideachais, 1998.<br>**Leas an Phobail:** ag cinntiú go bhfaigheann dalta na tacaíochtaí foghlama agus díolúintí dá bhfuil siad incháilithe chun a chinntiú gur féidir leo lán a n-acmhainneachta a bhaint amach a mhéid is féidir. |

[1] http://www.inis.gov.ie/en/INIS/Pages/travel-with-children

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | Sonraí a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais, measúnuithe/tuarascálacha síceolaíochta, faisnéis maidir le huaireanta teagaisc acmhainne agus/nó uaireanta cúnaimh riachtanais speisialta, etc.<br>● Measúnuithe síceolaíochta<br>● Comhaid, athbhreithnithe, comhfhreagras maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais<br>● Pleananna Oideachais don Dalta Aonair<br>● Nótaí a bhaineann le cruinnithe idirghníomhaireachta<br>● Faisnéis leighis (lena n-áirítear sonraí maidir le riochtaí sláinte agus/nó leigheas/cóir leighis atá ag teastáil)<br>● Séanadh (sínithe ag daltaí ag fáil cóireálacha scéimhe)<br>● Measúnuithe síceolaíochta, síciatrach agus/nó measúnuithe leighis | **Feidhm:**<br>Tá na doiciméid seo ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais daltaí, cinneadh a dhéanamh maidir leis na hacmhainní is féidir a fháil agus/nó a chur ar fáil chun tacú leis na riachtanais sin, agus pleananna oideachais don dalta aonair a fhorbairt. Tá sé de dhualgas ar ETBanna na sonraí pearsanta seo a chomhroinnt leis na hEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais arna bhfostú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) - an ghníomhaireacht reachtúil arna bunú faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. Faoi Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, go gcaithfidh an Scoil a chur ar fáil don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) (agus dá fostaithe, lena n-áirítear Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais) faisnéis mar seo a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ón gComhairle ó am go ham.<br>Chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais foghlaimeoirí aosacha a bhfuil riachtanais speisialta acu chun tacaíochtaí/cúnamh breise a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear | **Oibleagáid dlíthiúil a chomhlíonadh:** an tAcht Oideachais 1998 agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus alt 7.2 (b) den Acht um Stádas Comhionann 2000.<br>**Conradh:** I gcás an bhreisoideachais, oideachas d'aosaigh agus ionaid oiliúna, an conradh a shínigh an foghlaimeoir maidir leis an gcúrsa.<br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Leas an Phobail/Mórchúiseanna Leasa an Phobail:** go sonrach, chun "*éifeacht phraiticiúil a thabhairt do chearta bunreachtúla leanaí, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, mar a bhaineann siad le hoideachas;*", agus chun, "*a fhoráil, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, go gcuirfear ar fáil do dhaoine a chónaíonn sa Stát leibhéal agus cáilíocht oideachais is cuí chun freastal*" ar riachtanais agus cumais na ndaoine sin, agus chun "*comhionannas rochtana ar an oideachas agus comhionannas rannpháirtíochta san oideachas a chur chun cinn agus chun na bealaí ina bhféadfaidh mic léinn tairbhe a bhaint as an oideachas a chur chun cinn*" i gcomhréir le halt 6 den Acht Oideachais 1998. Déantar sin chun a áirithiú go bhfuil an ceart céanna ag daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu leas agus tairbhe a bhaint as oideachas iomchuí i dtimpeallacht thacúil, agus éilítear é faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | tacaíocht/cúnamh le haghaidh scrúduithe/measúnuithe. | |
| | **Taifid maidir le cosaint leanaí, leas leanaí, comhairleoireacht agus tréadchúraim.**<br>● Taifid um chosaint sonraí<br>● Taifid eile a bhaineann le leas agus cumhdach leanaí<br>● Nótaí an treoirchomhairleora<br>● Nótaí na seirbhíse síceolaíochta<br>● Atreoruithe chuig/taifid a bhaineann le seirbhísí teiripeacha agus idirghabhálacha eile<br>● Miontuairiscí, nótaí agus taifid eile a bhaineann le Cruinnithe na Foirne Tacaíochta Daltaí/ na Foirne Tréadchúraim<br>● Cruinnithe Meitheal arna reáchtáil ag Tusla faoin Acht um Chúram Leanaí 1991, Acht na Leanaí 2001, agus an tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013<br>● Clár Críochnaithe Scoile - nótaí an chomhordaitheora | Próiseáiltear an fhaisnéis seo de bhun oibleagáidí dlíthiúla an ETB, lena n-áirítear a dhualgas cúraim, agus na dualgais reachtúla sin a leagtar amach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012, Ciorclán 0081/2017 de chuid na Roinne Oideachais agus Treoirlínte um Chosaint Leanaí.<br><br>**Feidhm:** Tá freagrachtaí dlíthiúla ag ETBanna agus a bhfoirne mí-úsáid nó faillí leanaí iarbhír nó amhrasach a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach (TUSLA) nó don Gharda Síochána. Soláthraíonn ETBanna rochtain do dhaltaí ar sheirbhísí treoirchomhairleoireachta agus/nó seirbhísí síceolaíochta freisin chun tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaltaí, chun deacrachtaí iompraíochta, inspreagtha, mothúchánacha agus cogneolaíochta a réiteach trí mheasúnú agus idirghabháil theiripeach, chun páirt a ghlacadh in obair choisctheach, etc. Is féidir na sonraí pearsanta seo (agus sonraí pearsanta catagóire speisialta) a | **Maidir le cosaint leanaí agus cumhdach leanaí, etc:**<br>**Comhlíonadh le hoibleagáid dhlíthiúil:** Go sonrach, alt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012 agus Ciorclán RO 0081/2017 agus na Treoirlínte um Chosaint Sonraí.<br>**Mórchúiseanna leasa an phobail:** go sonrach, an dualgas cúram atá ag an ETB i leith an dalta agus na leanaí eile, agus an mhórchúis leasa an phobail chun leanaí a chumhdach (leanaí i mbaol go mór mór), agus ardchaighdeáin leasa leanaí a chinntiú, agus a chinntiú freisin go ndéantar freastal ar riachtanais fhisiciúla agus mothúchánacha leanaí. Chun freastal ar riachtanais oideachais, shóisialta, fhisiciúla agus mhothúchánacha an dalta.<br>**Maidir leis an treoirchomhairleoir, seirbhísí síceolaíochta, Cruinnithe Tacaíochta Daltaí:**<br>**Leasanna ríthábhachtacha:** chun leasanna ríthábhachtacha an dalta a chosaint, go speisialta chun an tacaíocht atá riachtanach dóibh a fháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh sa chás go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, folláine, andúile nó mí-úsáide *etc*. acu.<br>**Oibleagáid Dhlíthiúil a chomhlíonadh:** agus feidhmeanna oifigiúla an ETB á gcur i bhfeidhm agus lena chinntiú go bhfuil an ETB i staid iomchuí chun a dhualgas cúraim don dalta agus baill foirne a chomhlíonadh.<br>**Leas an Phobail/Mórchúiseanna Leasa an Phobail:** go sonrach chun cearta an dalta páirt a ghlacadh san oideachas a chosaint, chun cabhrú leo an ceart sin a fheidhmiú, chun tacú le mic léinn atá i mbaol na luathfhágála na tacaíochtaí iomchuí a fháil chun fanacht san oideachas nó san oiliúint, chun a ndeiseanna gairme agus forbartha pearsanta todhchaí a fheabhsú, agus ionchuimsiú sóisialta a éascú.<br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9 |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | chomhroinnt le tríú páirtithe ionas go mbeidh an ETB in ann a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus/nó ar son leasanna ríthábhachtacha an dalta. | **Leigheas coisctheach nó ceirde**: go sonrach nuair a sholáthraíonn cliniceoir tacaíochtaí nó idirghabháil theiripeach don dalta i gceist mar thacaíochtaí sláinte. |
| | **Próisis scoile inmheánacha (lena n-áirítear próisis frithbhulaíochta agus próisis araíonachta)**<br>● Taifid de ghearáin arna ndéanamh ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile.<br>● Taifid a bhaineann le fiosrúcháin i leith bulaíochta<br>● Taifid a bhaineann leis an gCód Iompair, díbirt, fionraí, etc. | **Feidhm:** Próiseáiltear an fhaisnéis seo de bhun dhualgas cúraim an ETB dá dhalta, agus chun cloí le Ciorcláin iomchuí arna n-eisiúint ag an Roinn Oideachais ó am go ham, agus ionas go mbeidh an ETB in ann seirbhíse éifeachtúil agus iomchuí a sholáthar.<br><br>Tá ETBanna tar éis Cód Cleachtais comhaontaithe go náisiúnta a chur i bhfeidhm chun déileáil le gearáin arna ndéanamh ag tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí, nó arna ndéanamh ag an dalta féin (os cionn 18 mbliana d'aois). Chomh maith leis sin, tá próisis i bhfeidhm ag ETBanna chun dul i ngleic le bulaíocht i gcomhréir le Ciorclán 0045/2013 na Roinne Oideachais, agus taifead a dhéanamh de theagmhas nó timpiste ar bith a tharlaíonn. Is féidir na sonraí a bhailítear sna próisis seo a aistriú chuig comhairleoirí árachais agus/nó comhairleoirí dlíthiúla an ETB de réir mar is cuí, sa chás go bhfuil a | **Oibleagáid dlíthiúil:** Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna de réir 0045/2013; dualgas ETB Dhún na nGall chun áit shábháilte oibre agus staidéir a chinntiú.<br>**Mórchúiseanna leasa an phobail:** na cinn seo a leanas go sonrach:<br>● Mórchúis leasa an phobail ó thaobh timpeallacht dhearfacha a chruthú do thuismitheoirí agus daltaí, chun a chinntiú go ndéantar gearáin a réiteach ar bhealach tráthúil sásúil.<br>● An dualgas cúraim a chaithfidh an ETB a chinntiú don dalta agus do leanaí eile, agus an mhórchúis leasa an phobail chun freagairt do ghearáin a dhéantar i gcoinne comhlachtaí poiblí, chun saincheisteanna a bhaineann le leas agus folláine leanaí (saincheisteanna a bhaineann le bulaíocht go speisialta) a réiteach,<br>● Chun freastal ar riachtanais oideachais, shóisialta, fhisiciúla agus mhothúchánacha an dalta.<br>● Chun ceart an linbh chun an oideachais a chosaint.<br>● Chun a chinntiú nach gcuireann drochiompar daltaí eile isteach go mór ar fhoghlaim daltaí eile.<br>**Leasanna ríthábhachtacha**: Chun a chinntiú nach mbíonn drochiompar / iompar dainséarach dalta ina chúis ciaptha nó imní do dhaltaí eile nó do baill foirne, nó nach mbagraíonn sé a gcuid sábháilteachta fisiciúil. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | | leithéid ag teastáil maidir le réiteach díospóidí, bailíochtú fíricí agus ar chúiseanna dlíthíochta. | |
| | **Tuarascálacha ar thimpistí agus gortuithe**<br>● Tuarascálacha ar thimpiste<br>● Foirmeacha um Thuairisciú Teagmhais<br>● Sonraí maidir le gortú leighis<br>● Fógraí don chomhlacht árachais agus comhfhreagras le comhairleoirí dlíthiúla.<br>● Fógraí don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta | **Feidhm:** Tá próiseas i bhfeidhm ag ETBanna chun dul i ngleic le gearáin arna ndéanamh ag tuismitheoirí/caomhnóirí, chun aghaidh a thabhairt ar bhulaíocht i gcomhréir le Ciorclán 45/2013 na Roinne Oideachais, agus taifead a dhéanamh de theagmhas nó timpiste ar bith a tharlaíonn. Is féidir é sin a aistriú chuig comhairleoirí árachais agus/nó comhairleoirí dlíthiúla an ETB de réir mar is cuí.<br><br>Gan an fhaisnéis seo, ní féidir leis an ETB a dhualgas a chomhlíonadh i gcearta maidir le timpeallacht shábháilte a oibriú le haghaidh daltaí agus foireann, a dhualgas chun rioscaí féideartha a aithint agus a mhaolú, agus a dhualgas teagmhais/timpistí a thuairisciú chuig a chomhlacht árachais. | **Leasanna ríthábhachtacha:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint (daltaí eile agus baill foirne, etc.).<br>**Leas an phobail:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don ETB.<br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Mórchúis leasa an phobail:** maidir le sonraí pearsanta catagóire speisialta, go sonrach, dualgas cúraim an ETB don dalta, do dhaltaí eile, don fhoireann, agus mórchúis leasa an phobail maidir le monatóireacht a dhéanamh ar shonraí maidir le teagmhais/timpistí (go speisialta, chun a chinntiú go mbaintear nó go maolaítear aon riosca sainaitheanta chun a chinntiú nach dtarlóidh sé an athuair), mórchúis leasa an phobail ó thaobh an ETB ag tuairisciú an teagmhais/timpiste dá chomhlacht árachais agus/nó comhairleoirí dlíthiúla.<br>**Riachtanach chun éilimh dhlíthiúla a chosaint.** |
| | **Faisnéis airgeadais, táillí etc.**<br>● Faisnéis a bhaineann le hairgead daltaí a íoc (lena n-áirítear doiciméid maidir le tacaíocht le haghaidh táillí agus séanadh táillí)<br>● Iarratais ar Scoláireachtaí/Deontais (lena n-áirítear Gaeltacht, scéim císa leabhar, etc.) | **Feidhm:**<br>Déantar an fhaisnéis seo a phróiseáil chun iarratais a phróiseáil, íocaíochtaí deontais a dhéanamh, nó íocaíochtaí táillí a fháil (e.g. táillí cúrsa, turais scoile, etc.) Nuair a chuirtear na híocaíochtaí i gcrích, coinnítear na doiciméid ar fad chun críocha iniúchta agus fíoraithe. | **Feidhmiú an údaráis atá dílsithe sa rialaitheora:** údarás na scoile/an ionaid riar agus éascú a dhéanamh ar bhailiúchán agus/nó aistriú na n-íocaíochtaí a bhaineann leis an oideachas arna chur ar fáil ag an scoil/ionad.<br>**Leas an phobail:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe in ETB Dhún na nGall. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | **Clár Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil (sa chás go reáchtálann ETB Dhún na nGall an clár seo)** | | |
| | **<u>Aitheantas agus sonraí teagmhála</u>**<br>● Ainm an linbh<br>● Dáta breithe<br>● Ainm an tuismitheora<br>● Sonraí teagmhala, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin agus ceantar cónaithe ginearálta<br>● Aois an fhoghlaimeora<br>● Dáta breithe | **Feidhm:**<br>Ionas go mbeidh sonraí teagmhála againn:<br>● i gcás éigeandála (breoiteacht nó gortú)<br>● chun fógra a thabhairt maidir le coinní / cleachtaí / ranganna<br>● chun tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le tinreamh/asláithreacht a linbh nó maidir le saincheisteanna ar bith eile a bhaineann le leas nó iompar etc. a linbh<br>● le haghaidh tascanna riaracháin/bainistíochta eile. | **Oibleagáid Dhlíthiúil**: Alt 20 den Acht Oideachais 1998 agus Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013<br><br>**Oibleagáid Dhlíthiúil a chomhlíonadh:** agus feidhmeanna oifigiúla an ETB á gcomhlíonadh agus leana chinntiú go bhfuil ETB Dhún na nGall i staid iomchuí chun a dhualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh. |
| | **<u>Sonraí eile</u>**<br>● Sonraí leighis<br>● Réamhfhoghlaim sa Cheol<br>● Deacrachtaí foghlama / tacaíochtaí foghlama a úsáidtear laistigh den scoil<br>● Grianghraf agus físeán, fuaim san áireamh | **Feidhm:** Chun tacaíochtaí oideachais iomchuí a sholáthar do dhaltaí agus ár ndualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh. | **Oibleagáid Dhlíthiúil a chomhlíonadh:** agus feidhmeanna oifigiúla an ETB á gcomhlíonadh agus lena chinntiú go bhfuil ETB Dhún na nGall i staid iomchuí chun a dhualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh.<br><br><u>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9</u><br>**Leas ríthábhachtach sa chás nach féidir leis an duine is ábhar do na sonraí toiliú a thabhairt go dlíthiúil; toiliú sainráite sa chás go bhfuil sé/sí cumasach go dlíthiúil.** |
| | **Clár Críochnaithe Scoile (sa chás gurb é ETB Dhún na nGall an Rialaitheoir Sonraí)** | | |
| | **<u>Aitheantas agus sonraí teagmhála</u>**<br>● Ainm an linbh<br>● Seoladh agus sonraí teagmhála<br>● Inscne<br>● Dáta breithe<br>● Scoil | **Feidhmeanna:** Coinníonn Comhordaitheoir an Chláir Críochnaithe Scoile na sonraí pearsanta go háitiúil chun teagmháil a dhéanamh leis an dalta/tuismitheoir/caomhnóir maidir | **Oibleagáid Dhlíthiúil**: Is é Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla a fheidhmíonn faoin Acht Oideachais (Leas) 200 a dhéanann an Clár Críochnaithe Scoile a thacú agus a mhaoiniú.<br>**Leasanna ríthábhachtacha:** chun leasanna ríthábhachtacha an dalta a chosaint, go speisialta chun an tacaíocht atá riachtanach dóibh a |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | • Náisiúntacht*<br>• Cúlra Eitneach/Cultúrtha*<br>• Máthairteanga an Linbh | lena seirbhísí, chun na seirbhísí iomchuí a chinneadh agus an dalta a chur i rang/grúpa cláir/seirbhís áirithe, chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí:<br>• i gcás éigeandála (breoiteacht nó gortú),<br>• chun fógra a thabhairt maidir le coinní le seirbhísí molta<br>*Tá na nithe roghnacha marcáilte le *, agus ní chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí an fhaisnéis seo a chur ar fáil mura dtoilíonn siad.* | fháil thugann tacaíocht a thabhairt dóibh sa chás go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, folláine, etc. acu.<br>**Oibleagáid Dhlíthiúil a chomhlíonadh:** agus feidhmeanna oifigiúla an ETB á gcomhlíonadh agus leana chinntiú go bhfuil ETB Dhún na nGall i staid iomchuí chun a dhualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh.<br><br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Toiliú sainráite an duine is ábhar do na sonraí** |
| | **Sonraí Leighis, Oideachais agus Teaghlaigh**<br>• Sonraí leighis amhail breoiteacht nó ailléirgí, an leigheas atá á tógáil faoi láthair<br>• Taifead maidir le seisiúin leis an gClár Críochnaithe Scoile<br>• Tinreamh Scoile, poncúlacht, sonraí taifid, fionraí / díbirt<br>• Tosca Oideachais, lena n-áirítear leibhéil litearthachta/uimhearthachta, obair ranga, scileanna sóisialaithe, iompar, sonraí Riachtanais Speisialta Oideachais, teagmháil an tuismitheora leis an scoil<br>• Sonraí teaghlaigh<br>• Sonraí an Tuismitheora / caomhnóra, lena n-áirítear gaol don leanbh, sonraí teagmhála, máthairtheanga an tuismitheora, deimhniú maidir le caomhnóireacht dhlíthiúil, ainm agus sonraí teagmhála duine eile i gcás éigeandála, lena n-áirítear gaol don leanbh. | **Feidhm:** chun a chinntiú go bhfuil a fhios againn cé ba cheart dúinn dul i dteagmháil leo i gcás éigeandála, chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis iomchuí againn chun sláinte an dalta a chaomhnú, chun freastal ar riachtanais leighis/cúraim an linbh, chun tacaíochtaí oideachais iomchuí a sholáthar de réir riachtanais an dalta<br>• i gcás éigeandála (breoiteacht nó gortú)<br>• chun fógra a thabhairt maidir le coinní le seirbhísí molta<br>• chun tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le tinreamh/asláithreacht a linbh<br>• chun tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna ar bith eile a | **Oibleagáid Dhlíthiúil a chomhlíonadh:** agus feidhmeanna oifigiúla an ETB á gcomhlíonadh agus leana chinntiú go bhfuil ETB Dhún na nGall i staid iomchuí chun a dhualgas cúraim don dalta a chomhlíonadh.<br><br>BUNÚS CATAGÓIRE SPEISIALTA FAOI AIRTEAGAL 9<br>**Leas ríthábhachtach sa chás nach féidir leis an duine is ábhar do na sonraí toiliú a thabhairt go dlíthiúil:** Sa chás go bhfuil an ETB ag feidhmiú *in loco parentis* maidir le dalta is leanbh é/í a bhfuil riachtanais leighis acu; ní féidir leis an duine is ábhar do na sonraí toiliú a thabhairt go dlíthiúil toisc gur mionaoiseach é/í ach próiseálann an ETB na sonraí de bhun leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhm(eanna) | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Sonraí maidir le tacaíochtaí nó seirbhísí a úsáideann/a d'úsáid an teaghlach nó an leanbh<br>● Luathshonraí scoile do na tuismitheoirí nó siblíní<br>● Sonraí maidir le siblíní a úsáideann an Clár Críochnaithe Scoile freisin. | bhaineann le leas nó iompar, etc. a linbh nó moltaí le haghaidh seirbhísí breise<br>● chun teagmháil a dhéanamh leat maidir le dul chun cinn sóisialta nó mothúchánacha do linbh<br>● le haghaidh tascanna riaracháin agus bainistíochta eile. | |
| | **Sonraí Bithmhéadracha maidir le Foghlaimeoirí (sa chás go ndéanann ETB Dhún na nGall an phróiseáil seo)** | | |
| | ● Ceapachán comhalta a chlárú<br>● Sonraí maidir leis an iarratas agus an ceapachán<br>● Foirmeacha um Léiriú Spéise comhaltaí agus ball foirne ainmnithe<br>● Clár de Leasanna na gComhaltaí<br>● Clár & Miontuairiscí<br>● Foirmeacha um Choinbhleacht Leasa<br>● Breithnithe, comhfhreagras agus tuarascálacha an Bhoird a rinneadh breithniú orthu ag Cruinnithe Boird<br>● Bileoga Tinrimh<br>● Taifid a bhaineann le hoiliúint & | **Feidhm:** chun cloí le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus na rialacháin ar fad a dhéantar faoi. Ar chúiseanna fíoraithe agus iniúchóireachta Chun cloí leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 | **Oibleagáid dhlíthiúil:**<br>● IR 270/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Foireann a Thoghadh) 2014.<br>● IR 272/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Comhdhéanamh Ballraíocht Údarás Áitiúil) 2014.<br>● IR 271/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Comhaltaí Údarás Áitiúil) 2014<br>● IR 269/2014 Ordú Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (alt 32) 2014 (daoine neamh-incháilithe)<br>● An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001<br><br>**Leas an phobail/mórchúiseanna leasa an phobail:** riachtanach chun cúram a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don ETB. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | forbairt Comhaltaí Boird & Coiste<br>● Comhfhreagras ginearálta maidir le toghcháin<br>● Doiciméid maidir le hachomhairc araíonachta<br>● Taifid maidir le costais/aisíocaíochtaí. | | |
| | **Faisnéis TFC (sonraí a phróiseáiltear chun *seirbhísí ar an láthair a sholáthar/a rochtain*)** | | |
| | (ROGHNACH) Sonraí a bhailítear agus gléasanna ainmnithe ETB á n-úsáid:<br>● Céadainm<br>● Lárainm/ceannlitir<br>● Sloinne<br>● Ainm nó Cód an Ionaid/na Scoile<br>● Faisnéis logála isteach sa chóras ballaí dóiteáin<br><br>Sonraí a bhailítear nuair atá Wi-Fi ETB Dhún na nGall á úsáid<br>● Seoladh IP ainmnithe<br>● Seoladh MAC an ghléis<br>● Faisnéis aitheantais an ainm úsáideora (má tá *radius* á úsáid) | **Feidhm:**<br>● Rochtain ar dhoiciméid an Bhoird agus ar an timpeallacht cruinnithe fhíorúil.<br>● Slándáil / clárú gléasanna 1:1 a haghaidh "úsáideoirí"<br>● Logaí a bhailiú ar chúiseanna Iniúchóireachta agus slándála<br><br>Ag teastáil chun feidhmiúlacht na seirbhíse gan sreang a chinntiú | **Oibleagáid dhlíthiúil:**<br>● IR 270/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Foireann a Thoghadh) 2014.<br>● IR 272/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Comhdhéanamh Ballraíocht Údarás Áitiúil) 2014.<br>● IR 271/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Comhaltaí Údarás Áitiúil) 2014<br>● IR 269/2014 Ordú Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (alt 32) 2014 (daoine neamh-incháilithe)<br>● An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 |
| | ● Fianáin an tsuímh gréasáin<br>Seoladh IP agus láithriúchán gníomhaire úsáideora fianán agus teicneolaíocht rianaithe eile ar a | **Feidhm:**<br>**Fianáin Riachtanacha** - cumasaíonn siad seo croí-fheidhmíocht amhail nascleanúint leathanaigh Ní féidir leis an suíomh gréasáin | **Leas dlisteanach le haghaidh fianán riachtanach:** sa chás go próiseáiltear sonraí nuair nach bhfuil feidhmiú tascanna poiblí ETB i gceist.<br><br>**Toiliú le haghaidh fianán breise:** ní mór d'úsáideoirí roghnú a dhéanamh |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ngléas(anna), rud a chumasaíonn tarchur breise a dhéanamh chuig tríú páirtithe ar na sonraí a chomhroinneann siad go gníomhach, nó trí na tátail a thugtar le fios ón ábhar a bhrabhsálann siad. | feidhmiú i gceart gan na fianáin seo, agus ní féidir iad a dhíchumasú ach amháin trí shainroghanna an bhrabhsálaithe a athrú.<br>**Fianáin a thomhaiseann an leibhéal úsáide ar an suíomh gréasáin -** úsáidtear iad chun tuiscint a fháil ar an mbealach a úsáideann cuairteoirí an suíomh gréasáin seo. Socraíonn seirbhís tríú páirtí arna cur ar fáil ag Google iad. Bailíonn agus tuairiscíonn an tseirbhís faisnéis chugainn ar bhealach nach sainaithníonn tú go díreach mar úsáideoir suímh gréasáin.<br>**Fianáin a chabhraíonn lenár gcumarsáid -** seans gur suíomhanna gréasáin tríú páirtí a shocraíonn iad seo agus déanann siad rudaí a thomhas amhail conas a fhéachann tú ar fhíseáin YouTube ar an suíomh seo.<br>**Margaíocht -** Úsáidtear fianáin mhargaíochta chun cuairteoirí a rianú ar fud suíomhanna gréasáin. Is é is aidhm leo ná fógraí atá ábhartha agus mealltach don úsáideoir aonair a léiriú, agus mar sin, tá siad níos luachmhaire d'fhoilsitheoirí agus d'fhógróirí tríú páirtí. | chun fianáin bhreise a roghnú agus sainroghanna a shocrú chun rianú a tharlaíonn mar thoradh air sin a cheadú. |
| | **Faisnéis TFC (sonraí próiseáilte chun Néalsheirbhísí *a sholáthar/rochtain*)** | | |
| | Sonraí a bhailítear nuair atá cuntais *office 365* a gcruthú<br>● Céadainm<br>● Lárainm/ceannlitir | **Feidhm:**<br>● Rochtain ar dhoiciméid an Bhoird agus ar an timpeallacht cruinnithe fhíorúil.<br>● Logaí a bhailiú ar chúiseanna | **Oibleagáid dhlíthiúil:**<br>● IR 270/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Foireann a Thoghadh) 2014.<br>● IR 272/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | ● Sloinne<br>● Grianghraf<br>● Fearann na Scoile<br>● Uimhir Fóin Póca<br>● Seoladh Ríomhphoist Malartach<br>● Teideal (e.g. Clr)<br><br>Sonraí a bhailítear nuair atá cuntais Google á gcruthú<br>● Céadainm<br>● Lárainm/ceannlitir<br>● Sloinne<br>● Fearann na Scoile<br>● Bliain iontrála<br>● Uimhir Fóin Póca<br>● Seoladh Ríomhphoist Malartach<br>● Teideal (e.g. Clr)<br><br>Sonraí a bhailíonn Microsoft agus an tseirbhís á húsáid<br>● Am agus dála logála isteach<br>● Faisnéis rathúlachta nó cliste<br>● Faisnéis maidir le crua-earraí an ghléis<br>● Faisnéis maidir le bogearraí an ghléis<br>● Taifid maidir le rochtain ar chomhaid/Logaí | Iniúchóireachta agus slándála<br>● Uimhir fóin póca agus seoladh ríomhphoist eile a bhailiú le haghaidh fíordheimhnithe déshraithe.<br>● Ar chúiseanna réitigh fadhbanna | (Comhdhéanamh Ballraíocht Údarás Áitiúil) 2014.<br>● IR 271/2014 Rialacháin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Comhaltaí Údarás Áitiúil) 2014<br>● IR 269/2014 Ordú Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (alt 32) 2014 (daoine neamh-incháilithe)<br>● An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001<br><br>**Leas an phobail/mórchúiseanna leasa an phobail:** riachtanach chun cúram a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don ETB. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | iniúchóireachta<br>● Logaí ríomhphoist<br>Sonraí a bhailíonn Google agus an tseirbhís á húsáid<br>● Am agus dála logála isteach<br>● Faisnéis rathúlachta nó cliste<br>● Faisnéis maidir le crua-earraí an ghléis<br>● Faisnéis maidir le bogearraí an ghléis<br>● Taifid maidir le rochtain ar chomhaid/Logaí iniúchóireachta<br>● Logaí ríomhphoist | | |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| **2.5 Nithe ilghnéitheacha** | | | |
| | **Iarratasóirí ar phróisis/creata soláthair lena n-áirítear oiliúint faoi chonradh** | | |
| | ● Ainm<br>● Eolas teagmhála<br>● Cáilíochtaí<br>● Grinnfhiosrúchán<br>● Fostóir<br>● Stádas fostaíochta<br>● Teideal an phoist/ róil<br>● Uimhir thagartha an fostaithe<br>● Ráitis Phearsanta<br>● Litreacha molta<br>● Teistiméireachtaí<br>● Sonraí árachais<br>● Sonraí / tátail tuarastail | Ag teastáil chun an próiseas iomaíochta idir soláthróirí a chumasú.<br><br>Tabhair faoi deara: Níl na sonraí seo go léir ag teastáil i ngach próiseas nó comórtas soláthair. | **Údarás dílsithe sa rialaitheoir:** Reachtaíocht soláthair phoiblí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Treoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí (earraí, seirbhísí agus oibreacha).<br><br>**Conradh:** is gá an phróiseáil a dhéanamh ar iarratas ón duine is ábhar do na sonraí sula ndéanfaidh sé/sí conradh, go speisialta conradh le haghaidh seirbhísí. |
| | **Oibrithe deonacha (daltaí MGO, Scéim FP agus daoine eile)** | | |
| | ● Ainm<br>● Sonraí teagmhála<br>● Cáilíochtaí<br>● Taithí roimhe sin<br>● Teistiméireachtaí<br>● Nochtadh grinnfhiosrúcháin<br>● CV<br>● Teastais dochtúra<br>● Bileoga ama | **Feidhm:**<br>Tá sé seo ag teastáil chun oiriúnacht le haghaidh socrúcháin a chinneadh. | **Oibleagáid dhlíthiúil:** An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 agus chun ár ndualgas cúraim do leanaí agus daoine fásta soghonta a chomhlíonadh. |
| | **Leabhair Cuairteoirí/Síniú Isteach** | | |
| | ● Ainm | **Feidhm:** | **Oibleagáid dhlíthiúil:** Is gá an phróiseáil a dhéanamh faoi oibleagáid |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | • Síniú<br>• Cuideachta<br>• Am Isteach<br>• Am Amach<br>• Dáta<br>• Cláruimhir gluaisteáin | Ag teastáil chun cloí leis na hoibleagáidí faoi reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta, e.g. i gcás aslonnaithe éigeandála. | dhlíthiúil, go speisialta na hoibleagáidí a chuirtear ar an ETB mar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. |
| | **Sonraí Catagóire Speisialta don Phobal i gcoitinne** | | |
| | Sonraí gutha, e.g. glórphost | **Roghnach**<br>Is rud roghnach é glórphost a thaifeadadh | **Toiliú:** Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun bearta a ghlacadh ar iarratas ón duine is ábhar do na sonraí maidir le cén iarratas atá á dhéanamh trí glórphost a fhágáil. |
| | **Sonraí Custaiméirí (*e.g.* Rannpháirtithe campaí samhraidh/a dtuismitheoirí/caomhnóirí, iarratasóirí deontais, cúrsaí oíche féinmhaoinithe)** | | |
| | • Ainm<br>• Seoladh<br>• Ríomhphost<br>• Uimhir theileafóin<br>• Sonraí Cárta Creidmheasa/Dochair<br>• Sonraí Bainc | **Feidhm:**<br>Chun táillí cúrsa a íoc, lena n-áirítear cúrsaí oíche, campaí samhraidh, táillí d'imeachtaí nó íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí etc. i Lárionaid Oideachais Allamuigh. Sonraí chun deontais a fháil. | **Conradh:** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun an conradh dá bhfuil an duine is ábhar do na sonraí páirteach chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón duine is ábhar do na sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh. |
| | **Sonraí tuismitheora/caomhnóra/teagmhálaí éigeandála/neasghaoil** | | |
| | • Ainm<br>• Eolas teagmhála<br>• Gaol leis an dalta/foghlaimeoir | Feidhm: chun an dalta / foghlaimeoir a chosaint, más gá. | **Leasanna ríthábhachtacha**: Chun ligean don scoil/ionad freagairt go hiomchuí do riachtanais an dalta/foghlaimeora d'fhonn leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí a chosaint. |
| | **Faisnéis TFC (sonraí a phróiseáiltear nuair a bhíonn suíomh gréasáin an ETB á nascleanúint)** | | |
| | • Fianáin an tsuímh gréasáin<br>• Seoladh IP agus láithriúchán gníomhaire úsáideora fianán agus | **Feidhm:**<br>**Fianáin Riachtanacha** - cumasaíonn siad seo croí-fheidhmíocht amhail nascleanúint | **Leas dlisteanach le haghaidh fianán riachtanach:** sa chás go próiseáiltear sonraí nuair nach bhfuil feidhmiú tascanna poiblí ETB i gceist. |

| | Cineál sonraí pearsanta | Feidhmeanna | Bunús dlíthiúil |
|---|---|---|---|
| | teicneolaíocht rianaithe eile ar a ngléas(anna), rud a chumasaíonn tarchur breise a dhéanamh chuig tríú páirtithe ar na sonraí a chomhroinneann siad go gníomhach, nó trí na tátail a thugtar le fios ón ábhar a bhrabhsálann siad. | leathanaigh Ní féidir leis an suíomh gréasáin feidhmiú i gceart gan na fianáin seo, agus ní féidir iad a dhíchumasú ach amháin trí shainroghanna an bhrabhsálaithe a athrú.<br>**Fianáin a thomhaiseann an leibhéal úsáide ar an suíomh gréasáin -** úsáidtear iad chun tuiscint a fháil ar an mbealach a úsáideann cuairteoirí an suíomh gréasáin seo. Socraíonn seirbhís tríú páirtí arna cur ar fáil ag Google iad. Bailíonn agus tuairiscíonn an tseirbhís faisnéis chugainn ar bhealach nach sainaithníonn tú go díreach mar úsáideoir suímh gréasáin.<br>**Fianáin a chabhraíonn lenár gcumarsáid -** seans gur suíomhanna gréasáin tríú páirtí a shocraíonn iad seo agus déanann siad rudaí a thomhas amhail conas a fhéachann tú ar fhíseáin YouTube ar an suíomh seo.<br>**Margaíocht** - Úsáidtear fianáin mhargaíochta chun cuairteoirí a rianú ar fud suíomhanna gréasáin. Is é is aidhm leo ná fógraí atá ábhartha agus mealltach don úsáideoir aonair a léiriú, agus mar sin, tá siad níos luachmhaire d'fhoilsitheoirí agus d'fhógróirí tríú páirtí. | **Toiliú le haghaidh fianán breise:** ní mór d'úsáideoirí roghnú a dhéanamh chun fianáin bhreise a roghnú agus a sainroghanna a shocrú chun rianú a tharlaíonn mar thoradh air sin a cheadú. |

# 3.0 Faighteoirí na sonraí pearsanta

Comhroinnimid agus aistrímid sonraí pearsanta chuig rialaitheoirí sonraí eile agus le roinnt próiseálaithe sonraí a phróiseálann sonraí sonracha, de réir mar a ordaímid dóibh. Sa chuid seo, tugaimid tuilleadh eolais maidir leis na cineálacha faighteoirí nó catagóirí d'fhaighteoirí a fhaigheann do shonraí pearsanta. Tabhair do d'aire nach liosta uileghabhálach é seo, agus gur féidir linn sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú páirtithe eile nuair is gá nó nuair a cheadaítear faoin dlí. Chomh maith leis sin, tabhair do d'aire go bhforchoimeádann an ETB an ceart teagmháil a dhéanamh le tríú páirtithe i gcás éigeandála.

3.1 **Tuismitheoirí / caomhnóirí:** Comhroinneann ETB Dhún na nGall faisnéis maidir le dul chun cinn oideachasúil agus leas an linbh le tuismitheoir/caomhnóir an dalta sa chás go bhfuil an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois.

3.1.1 **Dul Chun Cinn Oideachasúil:** Foráiltear an méid seo a leanas le halt 9(g) den Acht Oideachais 1998: *"Cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di — […] (g) chun a chinntiú go mbeidh rochtain sa mhodh forordaithe ag tuismitheoirí mic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ag an mac léinn, ar thaifid a choimeádann an scoil sin i ndáil le dul chun cinn an mhic léinn sin i dtaca lena oideachas nó lena hoideachas"*. Luaitear in alt 22(2) go ndéanfaidh an Príomhoide agus múinteoirí *"(b) meastóireacht rialta ar mhic léinn agus tuairisc faoi thorthaí na meastóireachta a thabhairt go tréimhsiúil do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí*".

3.1.2 **An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014**: arna iarraidh sin, is féidir le ETB Dhún na nGall sonraí pearsanta a bhaineann le dalta a scaoileadh chuig a t(h)uismitheoir/c(h)aomhnóir dá mbeadh sé chun leasa an linbh rochtain a bheith acu ar thaifid an linbh "*ag féachaint do na himthosca go léir a bheith chun leasa [an linbh]*"[2]. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Rialachán 5 de IR 218/2016 de Rialacháin an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (alt 37(8)) 2016.

3.1.3 **Iarratas rochtana sonraí:** ar iarratas, déanfaidh ETB Dhún na nGall breithniú ar iarratas rochtana arna dhéanamh ag caomhnóir thar ceann a linbh de bhun Airteagal 15 RGCS. Agus breithniú á dhéanamh ar iarratas mar sin, cuirfidh ETB Dhún na nGall san áireamh gur ag an duine is ábhar do na sonraí féin atá an ceart rochtain a fháil ar na sonraí, agus chuige sin, féachtar ar threoir Oifig Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe: "*Even if a child is too young to understand the implications of subject access rights, data about them is still their personal data and does not belong to anyone else, such as a parent or guardian*" [3].

---

[2] IR 218/2016, rialachán 6 de.

[3] Tá Cód Cleachtais Oifig Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe ar fáil anseo[www.ico.org.uk/media/1065/subject-access-code-of-practice.pdf](www.ico.org.uk/media/1065/subject-access-code-of-practice.pdf)

Cuirfidh ETB Dhún na nGall treoir an Choimisiúin um Chosaint Sonraí san áireamh freisin[4]: *"… A ghaire an leanbh do 18 mbliana d'aois, is ea is mó an seans gur cheart don eagraíocht ag a bhfuil sonraí pearsanta an linbh déileáil go díreach leis an leanbh é nó í féin, seachas an tuismitheoir/ caomhnóir a thabhairt isteach sa scéal. Maidir leis sin, measann an DPC i gcás gur shlánaigh leanbh 17 mbliana d'aois, ag cur ghaireacht na haoise sin don lán-aois san áireamh, (agus go suntasach is é sin an aois ag ar féidir ceadúnas tiomána a fháil chomh maith leis an aois íosta le haghaidh toiliú gnéasach), seachas i gcúinsí eisceachtúla (i.e. i gcás go dteastaíonn sé go follasach chun leas an linbh), níor cheart don tuismitheoir (tuismitheoirí)/ don chaomhnóir (caomhnóirí) cearta cosanta sonraí an linbh a fheidhmiú. Ina ionad sin, ba cheart don eagraíocht déileáil go díreach leis an leanbh."* Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí - Dréacht-Leagan le haghaidh Comhairliúchán Poiblí (CCS, 2020).

Cuirfidh an ETB [5] Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh san áireamh freisin, go speisialta na leasanna seo a leanas a chomhardú:

- Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 16(1) "*ní chuirfear isteach ar bhealach neamhshrianta ná mídhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar bhaile ná ar chomhfhreagras leanaí agus ní dhéanfar ionsaithe mídhleathacha ar a gcáil ná ar a gclú*".
- Airteagal 5 "*cearta agus dualgais tuismitheoirí solάthar a dhéanamh, ar bhealach atá i gcomhréir le forás an linbh, chun treoir agus comhairle oiriúnach a chur ar fáil don leanbh agus é nó í ag baint tairbhe as na cearta a aithnítear sa Choinbhinsiún seo*".

Agus iarratais ó thuismitheoirí á mbreithniú, cuirfidh an ETB leasa, aois, cumas athraitheacha agus leibhéal aibíochta an linbh san áireamh. Sa chás go bhfuil an leanbh ag aois agus aibíocht iomchuí go mbeadh sé/sí/siad ag súil go réasúnta gur cheart ionchur a bheith acu maidir le cibé a tharlódh dá sonraí pearsanta agus go mbeadh sé/sí/siad ag súil go réasúnta go rachfaí i gcomhairle leo maidir leis na daoine dá scaoilfí a sonraí dóibh, rachaidh an ETB i gcomhairle leis an leanbh ar bhealach aoisoiriúnach (dá mbeadh sé sin iomchuí sna himthosca i gceist) agus cuirfear tuairimí an linbh san áireamh. Déantar é sin chun a chinntiú go gcloistear guth an linbh i gcúrsaí a bhaineann le cúrsaí pearsanta an linbh, sa chás go bhfuil sé aoisoiriúnach a leithéid a dhéanamh. Déanfaidh ETB Dhún na nGall breithniú ar na himthosca seo a leanas [6] nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratas ar thaifid arna dhéanamh ag tuismitheoir/caomhnóir thar ceann a linbh:

i. Nuair is féidir, leibhéal aibíochta agus cumas an linbh cinntí mar seo a leanas a dhéanamh:
ii. Cineál na sonraí pearsanta
iii. Ordú cúirte ar bith a bhaineann le rochtain nó freagracht tuismitheoireachta
iv. Dualgas rúndachta ar bith i leith linbh nó duine óg

[4] https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-12/Fundamentals%20for%20a%20Child-Oriented%20Approach%20to%20Data%20Processing_Draft%20Version%20for%20Consultation_IE_0.pdf

[5] Ar fáil ar https://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/crc.aspx

[6] Tógtar imthosca (i) – (vii) ó Oifig Choimisinéara Faisnéise na Ríochta Aontaithe: "Subject Access Code of Practice – Dealing with requests from individuals for personal information", ar fáil ó https://ico.org.uk/media/1065/subject-access-code-of-practice.pdf

v. Iarmhairtí ar bith a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis an linbh/duine óig a cheadú do dhaoine a bhfuil freagracht tuismitheoireachta orthu. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach sa chás go mbaineann líomhaintí ar mhí-úsáid nó drochíde leis an gcás.

vi. An ndéanann sé díobháil ar bith don leanbh nó don duine óg mura féidir leis an duine a bhfuil freagracht tuismitheoireachta orthu rochtain a fháil ar an bhfaisnéis seo?

vii. Tuairimí ar bith atá ag an leanbh/duine óg maidir le cibé ar cheart dá dtuismitheoirí rochtain a fháil ar a f(h)aisnéis.

viii. Leanbh ar bith is féidir leo a dtuairimí féin a bheith acu maidir le cibé ar cheart dá dtuismitheoirí rochtain a fháil ar a f(h)aisnéis, gheofar na tuairimí sin agus cuirfidh an rialaitheoir sonraí béim chuí ar na tuairimí sin, ag féachaint do na himthosca go léir lena n-áirítear aois agus aibíocht an linbh agus gnéithe ar bith eile amhail sábháilteacht, sláinte, leas agus folláine an linbh.

3.1.4 **Teagmhálaí Éigeandála:** Sa chás go bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir ainmnithe mar Theagmhálaí an dalta, de réir alt 3.2 thíos.

3.2 **Teagmhálaí Éigeandála & Neasghaol** Bailítear faisnéis maidir le teagmhálaithe éigeandála agus coinnítear é ar mhaithe le faisnéis maidir leis an duine is ábhar do na sonraí a chur in iúl don teagmhálaí éigeandála ainmnithe i gcásanna a chuireann isteach nó a d'fhéadfadh cur isteach ar leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí. I measc na seirbhísí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá rioscaí sláinte braite agus/nó gortuithe don duine is ábhar do na sonraí, cásanna éigeandála, etc.

3.3 **Scoileanna Eile agus Ollscoileanna/Coláistí/Institiúidí:** i gcás go bhfágann dalta an scoil/ionad chun aistriú chuig suíomh oideachais eile nó i gcás go dtéann siad ar chlár malairte nó rud mar sin, d'fhéadfadh go n-iarrfaí orainn faisnéis áirithe maidir leis an dalta a chur ar fáil, amhail taifead acadúil, teistiméireachta, etc. Féadfaidh sé a bheith bunaithe ar fhorálacha an Achta Oideachais (Leas), 2000 nó ar thoiliú an dalta is ábhar do na sonraí. Chomh maith leis sin, faoi alt 66 den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, tá cead ag boird bhainistíochta scoileanna faisnéis iarratasóirí a chomhroinnt le scoileanna áitiúla eile chun iontrálacha chuig na scoileanna sin a riar ar bhealach éifeachtúil. I gcásanna eile, iarrann an Roinn Oideachais ar scoileanna áirithe páirt a ghlacadh sa nós céanna le scoileanna sonracha eile.

3.4 **Taighdeoirí, Ollscoileanna/Coláistí/Institiúidí:** nuair is mian le taighdeoirí teagmháil a dhéanamh le daltaí/foghlaimeoirí/baill foirne a bhí/atá ann, is féidir linn faisnéis teagmhála theoranta a chomhroinnt chun cabhrú le hoideachas agus taighde leanúnach. Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun tasc a dhéantar ar leas an phobail a chur i gcrích.

3.5 **Cruinnithe de chuid Choistí na foirne tacaíochta daltaí/na Foirne Tréadchúraim agus an Chláir Críochnaithe Scolaíochta:** Reáchtálann scoileanna agus lárionaid laistigh d'ETB Dhún na nGall cruinnithe tacaíochta daltaí go tráthrialta chun daltaí a bhfuil tacaíochtaí breise de dhíth orthu a shainaithint agus pleananna a chur i bhfeidhm maidir le conas is fearr freastal a dhéanamh ar riachtanais an dalta. Déantar é sin ar na cúiseanna seo a leanas de ghnáth:

- tacaíocht a thabhairt don dalta ó thaobh spreagtha agus foghlama de, agus iad a spreagadh chun a gcuid scolaíochta a chríochnú;
- tacaíocht a thabhairt don dalta sa chás go bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí nó andúile sa bhaile;
- tacaíocht a thabhairt don dalta le linn tréimhse dheacrachta, e.g. cumha, bás, bulaíocht, mí-úsáid sa bhaile;
- tacaíocht a thabhairt don dalta a léiríonn féindochar agus/nó a bhfuil smaointe féinmharaithe acu;
- aghaidh a thabhairt ar iompraíocht dhúshlánach;
- deacrachtaí iompraíochta, spreagtha, mothúchánacha agus cogneolaíochta a réiteach;
- teagmháil a dhéanamh le seirbhísí teiripeacha agus síceolaíochta chun tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaltaí, trí mheasúnú agus idirghabhálacha teiripeacha, lena n-áirítear rochtain a fháil ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS);
- páirt a ghlacadh in obair choisctheach (drugaí, alcól, iompraíocht choiriúil, iompraíocht fhrithshóisialta, etc.).

De ghnáth, reáchtáiltear na cruinnithe seo i bhfoirgneamh na Scoile/an Lárionaid agus freastalaíonn pearsanra seo a leanas laistigh den ETB orthu: Príomhoide na Scoile/Ceannasaí an Lárionaid, Príomhoide Tánaisteach, Treoirchomhairleoir, pearsanra den Fhoireann Tréadchúraim, Ceann Bliana (nuair is iomchuí). Aithníonn an ETB go mbíonn cur chuige comhordaithe idirghníomhaireachta ag teastáil chun cur chuige atá dírithe ar an dalta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna casta seo. Dá réir sin, féadfaidh an scoil/lárionad cuireadh a thabhairt do na cineálacha seo a leanas de thríú páirtithe páirt a ghlacadh sna cruinnithe:

- Tuismitheoir / caomhnóir an linbh (sa chás go bhfuil an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois)
- TUSLA (oibrí sóisialta, foireann cosanta leanaí, agus an fhoireann críochnaithe scolaíochta)
- An Garda Síochána (an tOifigeach Idirchaidrimh don Óige, agus pearsanra eile a bhaineann leis an gclár san áireamh)
- Tionscadail chomharsanachta maidir le tionscnaimh um an óige, agus/nó oibrithe tionscadal óige agus grúpaí deonacha eile a oibríonn san earnáil
- An Tascfhórsa Áitiúil um Dhrugaí
- FSS
- Foróige
- Oibrithe a bhaineann leis an Tionscadal Áitiúil um Oideachas agus Cosc ar Dhrugaí
- An Clár Críochnaithe Scoile

Tá na cruinnithe Tacaíochta Daltaí/Foirne Tréadchúraim deartha chun tacú le leasa an dalta. Mar thoradh ar na cruinnithe seo, seans go ndéanfar an dalta a atreorú le haghaidh measúnuithe sonracha agus/nó cóireálacha teiripeacha (e.g. CAMHS, SNSO/NEPS, etc).

Sa chás go bhfuil an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois, cuirfear a dtuismitheoir/caomhnóir ar an eolas go bhfuil na cruinnithe seo á reáchtáil agus tabharfar an fhaisnéis agus/nó bileoga eolais iomchuí dóibh (nuair is iomchuí agus nuair atá a leithéid ar fáil) chun an chúis a bhfuil tríú páirtithe i láthair ag na cruinnithe seo a mhíniú.

Cé gur féidir le gach ceann de na tríú páirtithe a ghlacann páirt sna Cruinnithe Tacaíochta Daltaí a gcomhaid agus/nó sonraí pearsanta féin a bhaineann leis an dalta a bheith acu (a bheadh faoi rialú ag beartas cosanta sonraí a n-eagraíochtaí féin), is é an ETB a bheidh ina rialaitheoir sonraí ar na miontuairiscí oifigiúla a thagann as na cruinnithe seo.

3.6 **An Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta:** Comhroinneann ETB Dhún na nGall sonraí leis na Ranna sin maidir le:

**3.6.1 Sonraí daltaí tríd an POD, P-POD:**

**3.6.1.1** Bailíonn ETB Dhún na nGall sonraí pearsanta atá le haistriú chuig an Roinn Oideachais tríd an mBunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna ("POD") agus/nó tríd an mBunachar Sonraí ar Líne d'Iar-bhunscoileanna("P-POD"). De réir Chiorclán 0040/2019, iarann an scoil ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí doiciméad ar a dtugtar "*Foirm Thoilithe le haghaidh Sonraí Pearsanta Íogaire do Thuairisceán Dheireadh Fómhair na Scoile chuig an Roinn Oideachais*" a chomhlánú ar mhaithe le ceanglais na Roinne Oideachais a chomhlíonadh maidir le líon foirne agus leithdháiltí acmhainní a chinntiú. Cuirtear Tuairisceáin Dheireadh Fómhair isteach go leictreonach chuig an Roinn Oideachais. Tá a beartas féin ag an Roinn Oideachais a rialaíonn slándáil na sonraí a chuireann ina hiar-bhunscoileanna go léir chuici.

**3.6.1.2** Is é an phríomhaidhm a bhaineann le Tuairisceáin Dheireadh Fómhair ná cabhrú leis an Roinn Oideachais na hacmhainní agus tacaíocht bhreise a bheidh ag teastáil chun freastal ar riachtanais oideachais daltaí áirithe. Úsáideann an Roinn Oideachais na sonraí seo dá bpróisis inmheánacha féin, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachais de réir mar a bhogann daltaí ar aghaidh tríd an mbunscoil agus ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil. Tugann na tuairisceáin faisnéis riachtanach don Roinn Oideachais a ligeann do lucht na Roinne beartas oideachais a fhorbairt agus a mheas, leithdháileadh múinteoirí a ríomh, caipitíocht agus íocaíochtaí deontais a dhéanamh do scoileanna, leithdháileadh acmhainní a chinneadh, anailís agus tuairisciú staitistiúil a dhéanamh maidir le hionchuimsiú sóisialta agus comhtháthú daltaí sa chóras oideachais, agus ar chúiseanna pleanála. Leagtar amach i gCuid 2 den Bheartas seo mionsonraí maidir leis na sonraí pearsanta a chuirtear ar aghaidh chuig an RO ar na córais POD/P-POD. Tá cuid de na nithe roghnach, agus ní chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí an fhaisnéis seo a chur ar fáil mura dtoilíonn siad (féach tuilleadh eolais i gCuid 2).

**3.6.1.3** Aistríonn an RO cuid de na sonraí pearsanta seo chuig ranna eile Rialtais agus gníomhaireachtaí eile Stáit, amhail aistrithe chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí: de bhun na nAchtanna Leasa Shóisialaigh, aistrithe chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit, aistrithe chuig an bhForas Taighde ar Oideachas, agus aistrithe chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh de bhun na nAchtanna Staidrimh. Úsáidfidh an RO na sonraí ar chúiseanna staidrimh, ceapadh beartais agus taighde freisin. Molann an RO, áfach, nach n-úsáidtear sonraí daoine aonair in aon chor ach go gcuirtear sonraí comhiomlánaithe le chéile ar na cúiseanna thuasluaite. Is féidir beartas cosanta sonraí na Roinne Oideachais a léamh ar an suíomh gréasáin (www.education.ie). Tá an Roinn Oideachais tar éis "Fógra Próiseála Cothroime" a fhoilsiú freisin chun a mhíniú conas a dhéantar sonraí pearsanta mac léin a fhaightear sna Tuairisceáin Dheireadh Fómhair a phróiseáil. Is féidir é sin a fháil ar www.education.ie (déan Ciorclán 0040/2019 a chuardach sa mhír "Ciorcláin").

**3.6.1.4** Má chuireann tuismitheoir/caomhnóir i gcoinne sonraí pearsanta a linbh a chur chuig an RO ar an gcóras POD/P-POD, is féidir leo agóid i scríbhinn a chur chuig an Scoil (féach Ciorclán 0040/2019 de chuid na Roinne, (alt 2(a)).

**3.6.2 Sonraí daltaí trí SNSO:** Seirbhís eile arna cur ar fáil ag an Roinn Oideachais ná an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO). Fostaíonn SNSO síceolaithe a oibríonn le daltaí bunscoile agus daltaí iar-bhunscoile. Oibríonn SNSO le daltaí, tuismitheoirí, agus múinteoirí chun cabhrú le leanaí agus réimsí seirbhísí a sholáthar. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach https://www.gov.ie/ga/seirbhis/18530a-none/

**3.6.3 Cúrsaí atá ina n-ábhar plé le linn ceisteanna parlaiminte sa Dáil:** Tá sé de dhualgas reachtúil ar ETBanna faisnéis a sholáthar don Aire Oideachais maidir le, *inter alia*, feidhmiú fheidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh (alt 15(3) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013), faisnéis maidir le feidhmiú fheidhmeanna an Bhoird (alt 40(9) d'Acht 2013); agus na tuarascálacha agus tuairisceáin a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ón Aire "ó am go ham" (de réir alt 9 (5) de Sceideal 3 d'Acht 2013); go fíorannamh, d'fhéadfadh sonraí pearsanta nach bhfuil anaithaidiú déanta orthu a bheith i gceist.

**3.6.4 Foireann agus leibhéil foirne:** déantar an buiséad foirne agus na leibhéil foirne laistigh de ETBanna a ríomh ar bhonn na dtuairisceán comhiomlánaithe arna ndéanamh ag ETBanna.

**3.6.5 Faisnéis maidir le míchumas:** tuairiscítear é seo (ar bhonn comhiomlánaithe agus anaithnidithe) chun cabhrú leis an Roinn Oideachais an sprioc maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú faoin Acht um Míchumas 2005 a ríomh.

**3.6.6 An Chigireacht:** Le halt 13 den Acht Oideachais 1998 (arna leasú) a bunaíodh an Chigireacht, agus cigire leanaí agus cibé cigirí is cuí leis an Aire Oideachais ina gcuid di. Is é feidhm na Cigireachta cuairt ar scoileanna aitheanta agus ar lárionaid oideachais chun meastóireacht a dhéanamh ar eagrú agus oibriú na scoileanna agus na lárionad sin agus ar cháilíocht agus éifeachtacht an oideachais a chuirtear ar fáil sna scoileanna nó sna lárionaid sin, lena n-áirítear cáilíocht na múinteoireachta agus éifeachtacht múinteoirí aonair; meastóireacht a dhéanamh ar na caighdeáin oideachais i scoileanna nó i lárionaid den sórt sin; measúnacht a dhéanamh ar chur i ngníomh agus ar éifeachtacht aon chlár oideachais a bheidh ceaptha le haghaidh daltaí aonair atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu; agus measúnacht a dhéanamh ar chur i ngníomh rialachán a bheidh déanta ag an Aire, agus tuarascáil a thabhairt don Aire (nó don bhord bainistíochta, don phátrún nó do chomhlachtaí eile de réir mar a fhorordaítear) maidir leis na nithe sin nó maidir le nithe iomchuí eile.

Mar chuid dá gcigireacht, féadfaidh an Chigireacht sonraí pearsanta a bhaineann le foireann agus/nó daltaí a lorg chun a measúnú a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar scoileanna agus lárionaid aitheanta comhoibriú a dhéanamh leis an gCigireacht, agus faoi alt 13(12A) den Acht Oideachais 1998 (arna leasú), is cion é cur isteach ar an gcigireacht agus lucht na cigireachta i mbun a cuid oibre.

**3.6.7 Sonraí maidir le daltaí agus an bord bainistíochta trí Alt 29, Coistí:** Sa chás go ndéantar cinneadh (a) go n-eisiafar dalta go buan ó scoil, nó (b) go ndéanfar dalta a fhionraí ó fhreastal ar scoil ar feadh tréimhse 20 lá in aon scoilbhliain amháin, nó (c) go ndiúltófar dalta a rollú i scoil,

leagtar amach in Alt 29 den Acht Oideachais gur féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais. Leagtar amach an Nós Imeachta Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 i gCiorclán 0069/2020. Bunaíonn an Roinn Oideachais Coiste Achomhairc chun éisteacht le hAchomharc faoi Alt 29 agus cuirtear na sonraí a bhaineann le fionraí/díbirt/diúltú rollaithe (de réir mar is cuí) an dalta faoi bhráid an Choiste Achomhairc ionas gur féidir le lucht an Choiste éisteacht leis an bhfianaise ar fad agus cinneadh a dhéanamh. Féadfaidh na doiciméid seo a leanas a bheith i measc na ndoiciméad a chuirtear faoi bhráid an Choiste Achomhairc Alt 29:

**3.6.7.1** Taifid a bhaineann leis an gCód Iompair (gearáin, fiosrúcháin, miontuairiscí, litreacha)

**3.6.7.2** Taifid maidir le hidirghabhálacha ar baineadh úsáid astu agus teagmhálacha le gníomhaireachtaí seachtracha, *e.g.* an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Oifigeach Leasa Oideachais.

**3.6.7.3** TCI ag léiriú teagmhais de sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair (chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar an mBeartas TCI).

**3.6.7.4** Iarratas ar fhoirmeacha rollaithe i gcás diúltú rollaithe

**3.6.7.5** Sonraí ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don achomhairc.

**3.6.7.6** Tugtar cóip de na doiciméid a bhaineann le halt 29 do thuismitheoirí (agus daltaí os cionn 18 mbliana d'aois), agus roimh dóibh an t-achomharc a dhéanamh, aithníonn agus tuigeann siad go gcomhroinneann agus go n-aistríonn an ETB sonraí chuig an gCoiste Achomharc ionas gur féidir leo an tAchomharc a chloisteáil agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcás.

## 3.7 Tusla

**3.7.1 Cosaint leanaí, cumhdach leanaí, leas leanaí agus obair shóisialta:** Tá sé de dhualgas ar ETBanna comhairle a lorg ó na comlachtaí reachtúla arna mbunú ar chúiseanna forfheidhmithe dlí agus cosanta leanaí, agus/nó atreoruithe a dhéanamh chuig na comhlachtaí reachtúla sin freisin, má cheaptar go bhfuil aon chineál mí-úsáide leanaí ar siúl nó má fhaightear nochtadh maidir le mí-úsáid leanaí. Tá na dualgais seo leagtha síos in alt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012 agus Ciorclán RO 0081/2017 agus sna Treoirlínte um Chosaint Sonraí a ghabhann leis. I gcás go dtagann cúrsaí maidir le cosaint leanaí, cumhdach leanaí agus/nó leas leanaí chun cinn, féadfaidh go n-iarrfaí ar an ETB páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha um chosaint leanaí (cruinnithe uilepháirtí idir TUSLA, an Scoil agus comhlachtaí eile). Comhroinnfidh agus aistreoidh an ETB sonraí íogaire agus pearsanta chuig Tusla maidir le baill foirne agus/nó tríú páirtithe (tuismitheoir an dalta, baill eile teaghlaigh) sa chás go mbaineann an t-ábhar imní/nochtadh le héagóir atá líomhnaithe ina dtaobh. De bhun an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 agus an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 tugtar cosaint ó dhlíthíocht shibhialta do dhaoine a chuireann Tusla nó an Garda Síochána ar an eolas faoina amhras (a) go raibh nó go bhfuil ionsaí á dhéanamh ar leanbh, ainíde á tabhairt do leanbh, faillí á déanamh i leanbh nó drochúsáid ghnéasach á tabhairt do leanbh, nó go bhfuil dochar inseachanta déanta nó á dhéanamh do shláinte, d'fhorbairt nó do leas linbh nó faillí inseachanta déanta nó á déanamh sna nithe sin, (mura rud é go gcruthófar nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl do Tusla agus/nó don Gharda Síochána).

**3.7.2 Grúpaí Tacaíochta Meitheal Tusla:** freagairt chomhordaithe idirghníomhaireachta chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais leanaí agus teaghlaigh atá tar éis teacht chun suntais cleachtóirí oibre sóisialta (lena n-áirítear ar chúiseanna leasa leanaí nó imní faoi chúrsaí sábháilteachta).

**3.7.3 Oifigeach Leasa Oideachais / Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla** atá ina gcuid de Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla**: maidir le tinreamh, fionraí, díbirt *etc*:**

**(a)** **Freastal:** de bhun an Achta Oideachais (Leas) 2000, éilítear ar scoileanna agus lárionaid aitheanta sonraí a bhailiú maidir le tinreamh daltaí. Luaitear in alt 21 go gcuirfidh príomhoide scoile aitheanta faoi deara go ndéanfar taifead ar fhreastal nó ar neamhfhreastal, gach lá scoile ag gach dalta atá cláraithe sa scoil, a chothabháil i leith gach scoilbhliana; luaitear ann freisin, i gcás ina mainneoidh dalta freastal amhlaidh, gur mhainnigh sé nó sí amhlaidh agus na cúiseanna a bhí leis an mainneachtain sin. I gcás nach lú ná 20 líon comhiomlán na laethanta scoile ar a mbeidh dalta as láthair ó scoil aitheanta le linn scoilbhliana (nó nach bhfuil dalta, i dtuairim phríomhoide na scoile aitheanta ina bhfuil sé nó sí cláraithe, ag freastal ar scoil go rialta), tá sé de dhualgas reachtúil ar phríomhoide na scoile an méid sin a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don Oifigeach Leasa Oideachais.

**(b)** **Rollú:** I gcás go mbíonn príomhoide buartha faoi dhuine a dhéanann iarratas ar an scoil agus go measann sé/sí go bhfuil sé oiriúnach teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Leasa Oideachais de bhun an Achta Oideachais (Leas) 2000, "*d'fhonn a fháil amach conas is fearr is féidir cabhrú leis nó léi leas a bhaint as deiseanna oideachais nó oiliúna nó a lánphoitéinseal oideachasúil a fhorbairt*".

**(c)** **Fionraí:** más rud é go gcuirfear dalta ar fionraí ó scoil aitheanta ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 lá, (nó 20 lá comhlán le linn scoilbhliana i gcomhréir le (a) thuas), cuirfidh príomhoide na scoile lena mbaineann an méid sin in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don Oifigeach Leasa Oideachais, i gcomhréir le halt 21 an Achta Oideachais (Leas) 2000.

**(d)** **Díbeart**: de bhun alt 24 den Acht Oideachais (Leas) 2000, i gcás go ndéantar cinneadh dalta a dhíbirt as an scoil, tá sé de dhualgas ar an Scoil an cinneadh sin agus na cúiseanna a bhaineann leis a chur in iúl i scríbhinn don Oifigeach Leasa Oideachais.

**3.8 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)/Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSOanna), etc:** Is í an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an Comhlacht reachtúil arna bunú ag Alt 19 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004) a fhostaíonn Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSOanna). Déileálann ERSOanna le hiarratais ó na scoileanna uile ar theagasc bhreise agus tacaíocht Cúntóirí Riachtanais Speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cabhraíonn an ERSO chun acmhainní a leithdháileadh. Leagtar amach ról reachtúil an ERSO in alt 26 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, agus is é ról an ERSO cóipeanna de thuarascálacha leighis agus/nó measúnuithe, Pleananna Oideachais don Dalta Aonair, agus/nó aon doiciméid eile a bhaineann le riachtanais an dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fháil ón scoil. De bhun alt 26(6), tá sé de dhualgas reachtúil ar an mbord bainistíochta, príomhoidí, múinteoirí agus baill foirne eile sa scoil gach cúnamh a bhíonn ag teastáil go réasúnta ón eagraí riachtanais speisialta oideachais agus a f(h)eidhmeanna á gcomhlíonadh

aige/aici. Nuair atá tuismitheoirí agus/nó cliniceoirí ag cur cóipeanna de tuarascálacha leighis agus/nó measúnuithe ar fáil don scoil chun a chinntiú go bhfaigheann a leanbh/othar na tacaíochtaí agus cúnamh iomchuí, déanann siad é agus fios iomlán acu go nochtfar an t-eolas sin don ERSO chun na tacaíochtaí, acmhainní agus cúnamh ar bith eile atá ag teastáil a fháil don dalta. Seans freisin go dtabharfaí sonraí don ERSO maidir le daltaí atá ag cur isteach ar áit i rang speisialta i scoil ina dtéann an Príomhoide i gcomhairle maidir le measúnú a dhéanamh ar na critéir roghnúcháin nuair a bhíonn áiteanna sa rang speisialta bunaithe ar "*an leibhéal is airde riachtanais*" de réir an bheartais iontrála atá ag cuid de na scoileanna de chuid an ETB.

**3.9 An Garda Síochána:**

**3.9.1 Mí-úsáid leanaí agus cosaint leanaí**: de réir alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012. Tuilleadh eolais ag (3.8.1) thuas.

**3.9.2 Ábhair choiriúla eile:** Tuairisceoidh ETBanna cásanna líomhnaithe/amhrasta de ghníomhaíochtaí coiriúla, iompraíocht choiriúil, damáiste coiriúil , etc. chuig an nGarda Síochána chun cionta a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, agus de bhun dhualgas cúraim an ETB do na daltaí, baill foirne agus daoine eile go léir.

**3.9.3 De bhun iarratas de bhun alt 44(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018:** nuair a lorgaíonn an Garda Síochána faisnéis faoin alt seo chun críocha coireanna coiriúla a chosc, a bhrath, a fhiosrú nó a ionchúiseamh, fiú amháin nuair nár bailíodh na sonraí chun na críche sin sa chéad áit. Luaitear in alt 41(b): *Gan dochar do shonraí pearsanta a phróiseáil chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí, is críoch atá dleathach faoin Rialachán maidir le Cosaint Sonraí, is dleathach sonraí pearsanta agus earnálacha speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí, sa mhéid go mbeidh gá leis an bpróiseáil sin agus go mbeidh sí comhréireach chun na gcríoch seo a leanas (b) chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh".*

**3.10 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:**

**3.10.1 Saoráidí a thabhairt le haghaidh scrúdú sláinte ar leanaí i scoileanna**: féadfaidh go n-iarrfaidh FFS ar an ETB ábhair eolais FFS maidir le clár vacsaínithe nó saincheisteanna sláinte eile a scaipeadh, go speisialta eolas a bhaineann le haoiseanna/grúpaí áirithe daltaí. Déantar é sin de ghnáth ionas gur féidir le FSS cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcláir vacsaínithe nó tionscnaimh eile um shláinte phoiblí. Nuair a fhaigheann tuismitheoirí na bileoga eolais, téann an tuismitheoir/caomhnóir i dteagmháil go díreach le FSS, agus más mian leo, toilíonn siad go soláthrófar faisnéis do FSS trína doiciméid iomchuí a chomhlánú agus a chur ar ais chuig FSS. I gcásanna áirithe, féadfaidh ETB Dhún na nGall na foirmeacha a ghlacadh/bhailiú ó dhaltaí chun iad a chur ar ais chuig FSS nuair a bhíonn an phróiseáil sin ar leas an phobail. Agus é sin ráite, tá sé go hiomlán faoi na tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa vacsaín/chlár, agus is fúthu féin atá sé é a leanúint le FSS. Féadfaidh an ETB saoráidí sealadacha a chur ar fáil do FSS laistigh d'áitreabh de chuid an ETB chun alt 32 den Acht Sláinte 1953 ("saoráidí a thabhairt le haghaidh scrúdú sláinte ar leanaí i scoileanna") a chomhlíonadh.

**3.10.2 Rianú Teagmhálaithe:** Chun a chinntiú go gcomhlíontar Rialacháin/Treoir an Rialtais maidir le galair thógálacha. Is é an bunús dlí a bhaineann leis an bpróiseáil seo ná go bhfuil sé riachtanach chun cúram a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail agus leasanna ríthábhachtacha ár ndaltaí, foghlaimeoirí agus ball foirne a chur i gcrích Sa chás go mbíonn sonraí catagóire speisialta ina gcuid de na sonraí seo, bíonn feidhm ag díolúine Alt 9 má bhaineann leas poiblí substaintiúil lena bpróiseáil.

**3.11 Soláthróirí socrúcháin oibre agus/nó fostóirí:** do na daltaí sin atá ag dul ar thaithí oibre agus/nó socrúchán oibre agus/nó printíseachtaí agus foghlaimeoirí atá ag glacadh páirte i gcláir amhail Scileanna Dul Chun Cinn, i gcás go n-urraíonn an fostóir an cúrsa le reáchtáil le linn uaireanta oibre agus go scaoiltear baill foirne chun freastal ar an gcúrsa.

**3.12 Comhroinnt sonraí le SOLAS agus páirtithe eile tríd an gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoirí (PLSS):**

**3.12.1** Is soláthraí clár breisoideachais agus oiliúna (**"BO"**) é ETB Dhún na nGall a sholáthraíonn go leor cúrsaí d'fhoghlaimeoirí fásta. Maoinítear na cláir BO seo trí SOLAS (An tSeirbhís Oideachas Leanúnaigh agus Scileanna) bunaithe faoin Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013 mar an t-údarás náisiúnta um breisoideachas agus oiliúint.

**3.12.2** Mar choinníoll d'iarratas nó clárú ar chúrsa BO arna mhaoiniú trí SOLAS, bailítear sonraí pearsanta an fhoghlaimeora (agus sonraí pearsanta tríú páirtithe, amhail neasghaol) tríd an PLSS. Is comhthionscadal idir SOLAS agus rannpháirtithe eile (lena n-áirítear Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI)) é an PLSS. Is foireann feidhmchlár bogearraí é PLSS a dheartar chun cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le Sonraí Pearsanta úsáideoirí PLSS agus cláir BO arna maoiniú ag SOLAS dreamanna eile, chomh maith le haschuir, torthaí agus feidhmíocht na gclár sin, a bhailiú agus a phróiseáil.

**3.12.3** Nuair a chuireann foghlaimeoir isteach ar chúrsa BO arna mhaoiniú ag SOLAS, iarrfar air/uirthi/orthu sonraí pearsanta a chur ar fáil tríd an PLSS, agus d'fhéadfadh sonraí pearsanta sa chatagóir speisialta a bheith ina gcuid de sin, mar shampla míchumas. Féadfaidh go lorgófaí sonraí maidir le cúlra eitneach nó cultúrtha, agus cúinsí maireachtála agus is faoin bhfoghlaimeoir atá sé an fhaisnéis seo a thabhairt nó a mhalairt - is nochtadh iomlán roghnach é seo. Má chuireann sé/sí/siad an fhaisnéis seo ar fáil, déanfar na sonraí a thuairisciú, i bhfoirm chomhiomlánaithe, chun críocha staitistiúla agus taighde agus chun dul chun cinn na grúpaí seo a chur i gcomparáid le dul chun cinn grúpaí eile. Cabhróidh na staitisticí agus an taighde sin chun bearnaí sa chóras a shainaithint agus chun beartais iomchuí (e.g. beartas comhionannais deiseanna) agus idirghabhálacha iomchuí d'fhoghlaimeoirí amach anseo a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Má chuireann an foghlaimeoir an fhaisnéis seo ar fáil, tá sé/sí/siad ag tabhairt ceadú fhollasaigh maidir le próiseáil na sonraí chun na críocha sin. Tá tuilleadh eolais le fáil thuas i gcuid 2 den bheartas seo maidir leis na sonraí atá le próiseáil, agus fosta in Ráiteas Cosanta Sonraí PLSS atá ar fáil ag: www.donegaletb.ie.

**3.12.4** Éilítear ar SOLAS faoin Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013 (i measc rudaí eile) cabhrú le páirtithe eile oiliúint a chomhordú agus a sholáthar agus taighde a dhéanamh ar fheidhmeanna SOLAS. Féadfaidh a leithéid a bheith i gceist ansin agus rianú a dhéanamh ar

rannpháirtíocht i gcláir BO, measúnuithe tionchair a dhéanamh ar chláir BO agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí clár BO arna maoiniú trí SOLAS. Dá réir sin, de bhun na bprótacal agus socruithe comhaontaithe, is féidir le SOLAS cineálacha teoranta agus sonracha fútsa nó arna cur ar fáil agat i d'iarratas ar chúrsa BO a chur ar fáil do/a fháil ó chomhlachtaí eile Rialtais, comhlachtaí rialála agus/nó comhlachtaí poiblí (lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe in Aguisín 3). Mar shampla, éilítear ar sholáthraithe BO cuid de do shonraí pearsanta a nochtadh do SOLAS chun críocha staitistiúla. Chomh maith le sin, má tá tú ag freastal ar chlár a chómhaoiníonn ag an Aontas Eorpach, éilítear ar an Roinn Oideachais cuid de do shonraí pearsanta a chur ar fáil chun monatóireacht, tuairisciú, agus measúnú a dhéanamh ar na cláir sin.

**3.12.5** Glacann na páirtithe seo a leanas páirt sa scéim PLSS (dá dtagraítear dóibh sa chuid seo mar **"Rannpháirtithe PLSS"**) agus tá rochtain acu ar ábhar asbhainte as na sonraí arna nginiúint ag an gcóras PLSS:

(a) An Roinn Oideachais ("**RO**").
(b) Ionad Riaracháin Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh: Cuirfidh staitisteoir de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh sonraí PLSS faoi ainm bréige agus déanfar foghlaimeoirí PLSS a nascadh leis na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus Údarás an Ardoideachais trí aitheantóir uathúil na Príomh-Oifige Staidrimh (i.e. UPSP na Príomh-Oifige Staidrimh).
(c) An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí: Chun faisnéis maidir le hiarratasóirí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhailíochtú.
(d) Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann: Chun faisnéis maidir le teastasú iarratsóra as freastal ar Chlár BO a bhailíochtú.
(e) An tÚdarás um Ard-Oideachas (**"ÚAO"**): Ní chomhroinntear na sonraí seo go díreach faoi láthair ach má chomhroinntear iad, chun iarratasóirí a théann ar aghaidh chuig an ardoideachas a dheimhniú agus a bhailíochtú.

**3.12.6** Nuair a uaslódáiltear sonraí ar an PLSS, déanann Rannpháirtithe PLSS eile (na comhlachtaí sin a bhfuil rochtain cheadaithe acu ar an PLSS) 'crosroinnt sonraí' ar na sonraí sin agus mar sin, d'fhéadfadh na Rannpháirtithe PLSS sin sonraí pearsanta a fháil, fiú amháin nuair nach ndearna an t-iarratasóir/foghlaimeoir teagmháil leis na comhlachtaí sin riamh. Tá Prótacail Comhroinnte Sonraí i scríbhinn idir SOLAS agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann; tá Comhaontú Próiseála Sonraí curtha i bhfeidhm idir ETB Dhún na nGall agus SOLAS. Leagann gach ceann de na comhaontuithe agus prótacail seo raon agus paraiméadair amach maidir le húsáid cheadaithe agus rochtain ar shonraí pearsanta foghlaimeora/iarratasóra ar an PLSS.

**3.12.7** Déanfaidh gach ceann de na Rannpháirtithe PLSS arna liostáil ag 3.15.7 próiseáil ar na sonraí pearsanta arna gcur ar fáil ag an bhfoghlaimeoir, agus i gcásanna áirithe nuair is iomchuí, faisnéis arna cur ar fáil ag tríú páirtithe amhail comhlachtaí Rialtais/ na hearnála poiblí, agus cuirfear ar fáil iad d'eintitis chleamhnaithe, gníomhairí, soláthraithe seirbhíse, comhairleoirí agus próiseálaithe sonraí agus comhlachtaí Rialtais, comhlachtaí rialála agus comhlachtaí san earnáil phoiblí. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Ráiteas Cosanta Sonraí PLSS atá ar fáil ag: www.donegaletb.ie.

**3.12.8** Ag an leibhéal náisiúnta (i gcomhréir le halt 7 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013) agus ag an leibhéal Eorpach, (de bhun Rialachán (AE) 1304/2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 17 Nollaig 2013), caithfidh SOLAS tuairisciú a dhéanamh, mar cheanglas riachtanach den mhaoiniú, ar an earnáil BO. Go dtí 2027, faoin gClár um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim 2014-2020 ("**PEIL**"), ní mór do SOLAS cómhaoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa atá á lorg tríd an RO a dhlisteanú trí thuairisciú a dhéanamh. Éilítear faoi PEIL go ndéanann an t-údarás náisiúnta i ngach Ballstát a bhfuil an fheidhm BO de chúram air sonraí mionsonraithe faoi gach foghlaimeoir a fhaigheann cómhaoiniú CSE a bhailiú agus a stóráil. Chuige sin, caithfidh SOLAS a bheith in ann an fhianaise a fhaigheann sé óna mheasúnú ar thorthaí BO a bhailiú, lena n-áirítear infhostaitheacht fheabhsaithe agus ionchuimsiú sóisialta grúpaí éagsúla sa tsochaí (e.g. daoine óga, cailíní/mná, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, inimircigh, daoine faoi mhíchumas, daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, etc.). Féadfaidh an Coimisiún Eorpach iniúchadh randamach a dhéanamh ar SOLAS chun éileamh CSE na hÉireann ar mhaoiniú a dheimhniú agus a bhailíochtú. Sa chás go dtagann iniúchóirí CSE ar shonraí nó faisnéis a mbaineann droch-cháilíocht leo, seans go gcuirfí soláthar cómhaoinithe CSE ar fionraí. D'imreodh sé sin mórthionchar tánaisteach ar mhaoiniú BO in Éirinn (go háirithe trí easnamh féideartha ó thaobh maoinithe de) agus, mar sin, ar a sholáthar ar fud na hÉireann agus ní chomhlíonfaí 3B-1 agus sainordú SOLAS faoin Acht BO. I gcomhthéacs an PLSS a fheidhmiú chun na críocha thuasluaite, feidhmeoidh SOLAS mar rialaitheoir sonraí ar an bhfaisnéis a bhailíonn sé ó fhoghlaimeoirí agus ó rannpháirtithe eile PLSS chun na críche sin.

**3.12** **SUSI:** Is aonad gnó de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath é SUSI, údarás aonair náisiúnta bronnta na ndeontas arna ainmniú ag an Aire Oideachais faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. Riarann SUSI iarratais go bliantúil faoi Scéim Deontas na Mac Léinn a bhaineann le deontais don ardoideachas agus don bhreisoideachas. Feidhmíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Roinn Oideachais mar Chomhrialaitheoir Sonraí na n-iarratas ar dheontas mac léinn faoin Scéim Deontas na Mac Léinn. Próiseálann SUSI an fhaisnéis a chuirtear isteach tríd an bpróiseas iarratais ar líne. Trí iarratas aonair ar líne a chur isteach, tugtar sonraí pearsanta na bpáirtithe go léir a bhaineann leis an iarratas, mar aon lena sonraí ioncaim, do SUSI. Éilítear ar na páirtithe go léir aitheantas a thabhairt go bhfuil ráiteas cosanta sonraí SUSI léite acu **(Ráiteas Cosanta Sonraí SUSI)** agus le deimhniú go bhfuil an fhaisnéis a chuireann siad ar fáil iomlán agus cruinn (cuirtear foirm dheimhnithe chuige sin ar fáil ag an bpointe seo). Is iad seo a leanas catagóirí na sonraí pearsanta arna gcur ar fáil ag páirtithe d'iarratas agus arna mbailiú ag SUSI ar chúiseanna measúnachta: ainm; seoladh; sonraí teagmhála, dáta breithe; uimhir PSP; náisiúntacht; sonraí fostaíochta; agus sonraí bainc. Mar chuid de mheasúnú agus bainistíocht agus íocaíocht leanúnach deontais a dhéanamh, féadfaidh SUSI cuid de na sonraí, nó na sonraí ar fad, arna gcur ar fáil ag páirtithe d'iarratas a chomhroinnt le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile Rialtais arna leagan amach i Sceideal 2 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. I measc na dtríú páirtithe a malartaíonn SUSI sonraí leo, tá an Roinn Oideachais, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim, an Lár-Oifig Iontrála, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus iar-údaráis dámhachtana, i.e. ETBanna agus Comhairlí Contae. Déantar na comhaontuithe comhroinnte sonraí go léir a rialú le comhaontuithe comhroinnte sonraí faoi seach le gach ceann de na comhlachtaí comhroinnte sonraí. Déantar foráil le hAlt 28(5) den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 don fheidhm ábhartha an fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid SUSI a bhailiú, a phróiseáil agus a chomhroinnt. I measc na bhfeidhmeanna, tá: faisnéis a bhailiú chun a chinntiú go bhfuil

iarratasóir incháilithe i leith deontais; sonraí arna gcur ar fáil mar chuid den phróiseas iarratais a dheimhniú; cabhrú chun iarratas ar dheontas ó mhac léinn a phróiseáil; cabhrú chun deontais a íoc le mic léinn; a dheimhniú go bhfuil mac léinn rollaithe nó cláraithe, i gcomhréir le rialacha forais cheadaithe, agus atá ag freastal i gcónaí ar chúrsa ceadaithe i bhforas ceadaithe.

**3.14 An Chomhairle Mhúinteoireachta:** Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Mhúinteoireachta a rialaíonn gairm na múinteoireachta in Éirinn. Bunaíodh í leis na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015. Comhroinneann an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an ETB sonraí pearsanta chun críocha fheidhmeanna reachtúla na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh (lena n-áirítear gairm na múinteoireachta a rialú agus caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn), na cinn seo a leanas san áireamh:

**3.14.1 Faisnéis ón gclár:** De réir Alt 30 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, is gá do gach múinteoir clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun tuarastal a fháil as cistí an Stáit. Luaitear san alt sin, i gcás nach múinteoir cláraithe an duine, nó má bhaintear den chlár nó a chuirtear ar fionraí ón gclár é/í, nach dtabharfar luach saothair dó nó di i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. De réir Alt 7 den Acht Oideachais (Leasu´), 2012, soláthróidh an Chomhairle Mhúinteoireachta do gach ETB sonraí arna gcoinneáil ag an gComhairle maidir le gach duine atá/a bhí cláraithe mar mhúinteoir, agus go dtabharfar faisnéis don ETB maidir le cibé a rachaidh a c(h)lárú coinníollach ar ceal, nó má tá an duine bainte den chlár. Feidhmíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta "*comhéadan pámháistir chuig an gClár Múinteoirí*" chun ETBanna a éascú ó thaobh incháilitheacht múinteoirí don phárolla a fhíorú de bhun alt 30 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 agus chun cáilíochtaí a fhíorú ar mhaithe le liúntais cháilíochtaí etc. a fhíorú.

**3.14.2 Grinnfhiosrúchán:** Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as grinnfhiosrúchán reachtúil do ghairm na múinteoireachta a chomhordú, agus comhroinneann sonraí pearsanta (lena n-áirítear sonraí catagóirí speisialta) leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chuige sin. Forordaítear an próiseas reachtúil chun iarratais ar ghrinnfhiosrúchán a dhéanamh sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012–2016. Sa chás go gcuireann iarratasóir isteach ar phost i scoil/ionad (nó eile de bhun na bhforálacha cúlghabhálacha um ghrinnfhiosrúchán arna bhforordú ag an Roinn Oideachais) éilítear ar an gComhairle Mhúinteoireachta cóip den Toradh/nochtadh grinnfhiosrúcháin a eisiúint chuig an scoil/an t-ionad sin, agus mar sin, tarlaíonn comhroinnt sonraí idir an ETB agus an Chomhairle Mhúinteoireachta mar chuid den phróiseas seo.

**3.14.3 Feidhmiúlacht chun múineadh/nósanna imeachta rialála:** Tá sé de dhualgas ar an gComhairle Mhúinteoireachta tabhairt faoi fheidhmeanna imscrúdaithe agus smachtaithe. Áirítear leis sin fiosrúcháin a dhéanamh maidir lena leithéid agus mí-iompar gairmiúil, feidhmíocht ghairmiúil lag, agus feidhmiúlacht chun múineadh. Féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta iarraidh ar dhuine ar bith atá i láthair mar fhinné os comhair painéal arna cheapadh faoi alt 43 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta doiciméid ar bith a thabhairt ar aird a bheidh ina chumhacht nó ina cumhacht nó faoina urláimh nó faoina hurláimh agus a iarrfaidh an painéal air nó uirthi go dleathach a thabhairt ar aird. De bhun alt 43B de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2005, is cion é iarratas mar sin a dhiúltú.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le próiseáil sonraí sa Chomhairle Mhúinteoireachta, féach ar www.teachingcouncil.ie/en/about-us1/customer-service-/privacy-policy/

**3.15 An Phríomh-Oifig Staidrimh:** Cuireann an Roinn Oideachais agus na ETBanna sonraí comhlánaithe, carnacha, staitistiúla ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh:faoi na hAchtanna Staidrimh chun cabhrú maidir le staidreamh náisiúnta a thiomsú.

**3.16 An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta** Chun cúrsaí a thuairisciú, lena n-áirítear tionóisc agus eachtraí dainséaracha san ionad oibre de bhun Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) 2016.

**3.17 An Roinn Coimirce Sóisialaí:** Féadfaidh go lorgóidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sonraí pearsanta áirithe ón ETB maidir le dalta/foghlaimeoir (agus/nó a t(h)uismitheoirí sa chás go bhfuil an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois). Foráiltear le hAlt 26(1) san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 gur féidir le comhlacht sonraithe (tá an ETB ar ceann díobh sin) faisnéis a chomhroinnt le comhlacht sonraithe eile (tá an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar ceann díobh sin freisin). Rachaidh an chomhroinnt sonraí sin, nuair a lorgaítear í, ar aghaidh má chomhlíonann sé nóta Treorach an Choimisinéara Cosanta Sonraí "Comhroinnt Sonraí san Earnáil Phoiblí[7]," agus an chomhairle seo go háirithe: "*ábhair sonraí a chur ar an eolas maidir leis an mbealach ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil nó a mbeidh siad á bpróiseáil, agus ní mheasfar an phróiseáil a bheith cothrom, dleathach agus trédhearcach mura dtugtar faisnéis shonrach d'ábhar sonraí maidir le céannacht an rialaitheora, cé leis a nochtfar na sonraí agus na cúiseanna a bhfuil na sonraí le próiseáil.*" .

**3.18 Institiúidí Airgeadais:** Aistrítear sonraí chuig institiúidí airgeadais chun críocha an phárolla foirne a riar, speansais a íoc, táillí agus deontais mac léinn a phróiseáil, etc.

**3.19 Iarfhostóirí agus fostóirí todhchaí fostaithe agus fostaithe ionchasacha:** chun teistiméireachtaí agus/nó taifid seirbhíse a fháil/a thabhairt.

**3.20 Cuntasóirí agus Iniúchóirí Airgeadais:** éilítear ar an ETB ráitis airgeadais a ullmhú (féach alt 51 Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013) agus cloí leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir lena fheidhm reachtúla iniúchóireachta, agus tuairisciú a dhéanamh do Choiste na Dála um Chuntais Phoiblí agus fianaise a thabhairt don choiste sin maidir le cuibheas chúrsaí an ETB.

**3.21 Faisnéis um Shláinte Cheirde comhroinnte leis an Soláthraí Sláinte Ceirde:** Maidir le fostaí, is féidir an fhaisnéis seo a leanas a chomhroinnt le Soláthraí Sláinte Ceirde d'fhonn feidhmiúlacht chun oibre ó thaobh sláinte de a bhunú, agus feidhmiúlacht an fhostaí ó thaobh sláinte de páirt a ghlacadh i bpróisis Acmhainní Daonna, e.g. na comhréitigh réasúnta atá ag teastáil; incháilitheacht chun Pá Tinnis Chriticiúil a fháil; incháilitheacht chun Scor de dheasca Easláinte a fháil; measúnú sláinte réamhfhostaíochta; taifid asláithreachta de dheasca breoiteachta; teastais bhreoiteachta; taifid asláithreachta; atreoruithe sláinte ceirde; measúnuithe leighis; comhfhreagras leis an mball foirne agus le cliniceoirí; doiciméid ar bith maidir le comhréiteach réasúnta; comhfhreagras maidir le scor de dheasca easláinte, agus taifead ar bith eile a thugann tuairisc ar fheidhmiú scéim pá bhreoiteachta na seirbhíse poiblí.

**3.22 Riarthóirí pinsin, cuideachtaí a thairgeann táirgí pinsin um Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise (nuair is iomchuí), eagraíochtaí airgeadais a thairgeann polasaithe leanúnachais ioncaim (nuair is**

---

[7] https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-04/Comhroinnt%20Sonra%C3%AD%20san%20Earn%C3%A1il%20Phoibl%C3%AD.pdf

**iomchuí):** má tá scéim pinsin ceirde le feidhmiú, aistrithe seirbhíse le cur i bhfeidhm, ranníocaí le híoc ar ais agus sochair pinsin le híoc, agus orduithe coigeartaithe pinsin um dhlí teaghlaigh le cur i bhfeidhm, etc. Má tá an fostaí páirteach i bpolasaí um Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise nó um leanúnachais ioncaim agus iarann sé/sí/siad ar an bhfostóir faisnéis a sheoladh nó íocaíochtaí a íoc ar ais chuig an eintiteas sin, déanfaidh an ETB é sa chás go n-ordaíonn an fostaí é a dhéanamh. Chomh maith leis sin, aistreofar sonraí pinsin chuig na Coimisinéirí Ioncaim agus chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, i gcás ina gceanglaítear sin le dlí.

**3.23 Ceardchumainn:** is féidir le baill foirne a bheith ina mbaill de cheardchumainn aitheanta, agus seans gur mhian leo ionadaíocht a n-oifigigh ceardchumainn (agus/nó ionadaí ceardchumainn) i gcásanna áirithe Caidreamh Tionsclaíoch/ Acmhainní Daonna san ionad oibre. Déileáiltear leo sin i gcomhréir leis na beartais ábhartha ar an ionad oibre agus Ciorcláin earnála arna eisiúint ag an Roinn Oideachais.

**3.24 Árachóirí agus/nó comhairleoirí dlí na ETBanna, lena n-áirítear Aonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann:** comhroinneann agus aistríonn an ETB sonraí lena árachóirí, Comhlachtaí Poiblí na hÉireann, agus a n-imscrúdaitheoirí ar an ionad oibre, láimhseálaithe éileamh, agus comhairleoirí dlí, gach duine díobh ceaptha go cuí, de bhun bheartas árachais an ETB. Comhroinneann agus aistríonn an ETB sonraí pearsanta chuig a chomhairleoirí dlí chun comhairle dlí a fháil agus chun éilimh dlí a thionscnamh nó a chosaint, díospóidí a réiteach, agus dlíthíocht a chosaint, a chomhghéilleadh, nó a réiteach ar bhealach eile.

**3.25 Seirbhísí Comhroinnte Párolla:** Is rannóg neamhspleách é na Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) a thagann faoi shainchúram na Roinne Oideachais. Tá na Seirbhísí Comhroinnte Párolla ina gcuid de Chlár Oibre an Rialtais um Athchóiriú san Earnáil Phoiblí (Samhain 2011) a leagann amach tiomantas an Rialtais d'oibríochtaí riaracháin a chuíchóiriú agus deireadh a chur le dúbláil trí fheabhsúcháin próiseas gnó agus cur chun feidhme na samhlacha comhroinnte seirbhísí laistigh de gach earnáil ar leith. Tá sonraí á aistriú faoi láthair (2019-2022) chuig Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) i gcomhréir le Comhaontú Próiseála Sonraí agus Meabhrán Tuisceana/Comhaontú Bainistíochta Seirbhíse.

**3.26 Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais**: nuair a chuirfear i bhfeidhm é, aistreoidh ETBanna sonraí chuig Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) i gcomhréir le Comhaontú Próiseála Sonraí agus Meabhrán Tuisceana/Comhaontú Bainistíochta Seirbhíse.

**3.27 Pámháistir Pinsean ETB** ( Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an beartas seo á chur i bhfeidhm): an chuideachta a riarann íocaíocht na bpinsean do phinsinéirí. Chun tuilleadh eolais a fháil, ba cheart d'fhostaithe teagmháil a dhéanamh lena rannóg párolla/AD.

**3.28 Soláthraithe seirbhíse don ETB, (TCI, slándáil, tacaíocht TF, ardáin réiteach íocaíochtaí, gníomhaireachtaí dírmhargaíochta nó cuideachtaí priontála, córais bhainistíochta faisnéise do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí, seirbhísí/bogearraí braite bradaíola, soláthraithe seirbhíse ag seachadadh seirbhísí do dhaltaí, *e.g.* Aipeanna, Taibléid, *etc*):** Is é is cúis leis an gcomhroinnt sonraí seo ná gur féidir saineolas agus tacaíocht iomchuí a fháil, agus chun a chinntiú go bhfuil an ETB á bhainistiú ar bhealach éifeachtach. Coinnítear na seirbhísí sin de bhun comhaontuithe i scríbhinn agus comhlíonann siad treoracha rialaitheoir sonraí an ETB mar a leagtar amach é i gComhaontú Próiseála Sonraí.

**3.29 Soláthraithe seirbhíse don Chlár Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil (Tacaíocht TF, ardáin réiteach íocaíochtaí, comhlachtaí clódóireachta srl.)**

**3.30 Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann**: comhroinneann an ETB sonraí lena chomhlachta ionadaíochta náisiúnta, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) mar a aithnítear é faoi alt 2 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Feidhmíonn ETBI de bhun a Bhunreachta agus chun a bheith ionadaitheach i dteannta a chéile do bhaill na mETBanna agus a leasa a chur chun cinn, mar a leagtar amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Chomh maith leis sin, déanann ETBI tionscadal a bhainistiú agus a riar a sholáthróidh do na ETBanna rochtain ar bhunachar ina bhfuil faisnéis maidir le Fíordheimhnitheoirí Seachtracha ("Eolaire na bhFíordheimhnitheoirí Seachtracha"), agus is féidir leis an ETB teagmháil a dhéanamh le duine ar bith acu chun a seirbhísí a fhostú. Má tá gníomhaíochtaí ar bith a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta le déanamh le haghaidh an Tionscadail, is iad ETBI agus an ETB a bheidh ina gcomhrialaitheoirí agus déanfaidh siad comhaontú maidir le hAlt 26 RGCS - Rialaitheoirí comhpháirteacha - Comhroinnt Sonraí Pearsanta.

**3.31 Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí:** sa chás go lorgaíonn fostaí aistriú seirbhíse chuig/ó: an státseirbhís; an Gharda Síochána; an earnáil mhúinteoireachta bunscoile/meánscoile; agus na Fórsaí Cosanta, ceadaíonn an scéim seo dóibh seirbhís inphinsin/ináirithe a aistriú ar chúiseanna na bhforálacha aoisliúntais a bhaineann le daoine a fhostaítear i gcáil inphinsin. Déantar an fhaisnéis a aistriú chuig an bhfostóir nua ar iarratas sonrach ón bhfostaí. Chun tuilleadh eolais a fháil, ba cheart d'fhostaithe teagmháil a dhéanamh lena rannóg AD.

**3.32 Na Coimisinéirí Ioncaim:** Chun críocha párolla, chun cáin fostóirí agus ÁSPC fostaithe, ÍMAT, etc. agus asbhaintí eile cánach a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

**3.33 Baill an phobail:** (1) Déantar foráil in Alt 44(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go bhféadfadh "*sonraí pearsanta atá i dtaifead a nochtadh i gcás go ngéillfear d'iarraidh ar rochtain ar an taifead faoi réim agus de réir Acht 2014 de bhun iarraidh saorála faisnéise*". Tagann ETBanna faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mar sin, féadfaidh taifid a bhaineann le fostaithe, beartaíochta gnó, cinntí straitéise, forthairgeoirí agus soláthraithe, etc. a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise agus seans go mbeidh faisnéis phearsanta sna taifid seo, d'ainneoin fhorálacha Acht 2014 a bhaineann le díolúintí um fhaisnéis phearsanta. I gcomhréir le díolúintí mar sin, is féidir le ETB Dhún na nGall dul i gcomhairle soláthraithe agus tríú páirtithe eile roimh dó cinneadh a dhéanamh maidir le cibé ar cheart na taifid a scaoileadh ar leas an phobail nó a mhalairt.

Is liosta táscach é an liosta roimhe seo de na comhlachtaí dá n-aistrímid sonraí, ach ní liosta uileghabhálach é. Déanfaimid faisnéis a nochtadh do thríú páirtithe eile (ní ga go bhfuil siad liostaithe anseo) nuair is ann do bhunús dleathach, agus/nó nuair a cheanglaítear orainn leis an dlí a leithéid a dhéanamh.

# 4.0 Aistrithe tríú tír/idirnáisiúnta

Nuair a fhostaímid soláthraithe seirbhíse ó thríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta, déanfaimid é i gcomhréir le RGCS trína a chinntiú go bhfuil bearta sábháilteachta iomchuí i bhfeidhm chun na sonraí a chosaint.

I gcásanna áirithe, éilítear orainn sonraí maidir le fostaithe/foghlaimeoirí a aistriú chuig eagraíochtaí lasmuigh den AE chun críocha creidiúnúcháin arna chur ar fáil ag comhlacht creidiúnúcháin i dtríu tír. D'fhéadfadh ETB Dhún na nGall sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír fosta sa chás go n-úsáideann muid soláthraí seirbhíse a phróiseálann sonraí ar fhreastálaithe taobh amuigh den AE.

Sa chás go ndéantar a leithéid d'aistrithe chuig tríú tíortha, bainfidh an ETB leas as Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha mar chumhdaigh leordhóthanacha, ach amháin sa chás go bhfuil cinneadh leordhóthanachta i bhfeidhm maidir le dlíthe cosanta sonraí na tíre sin.

# 5.0 Cinnteoireacht/Próifíliú Uathoibríoch

Is éard atá i gceist le próifíliú ná cineál ar bith próiseála uathoibríoch a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann le hiompraíocht, nósanna nó ábhair spéise an duine is ábhar do na sonraí a anailísiú nó a thuar. D'fhéadfaimis próifíliú oideachais a dhéanamh i gcúinsí áirithe. Mar shampla, próifíliú a dhéanamh ar phróifíl dalta sa tSraith Shóisearach agus 'tástálacha scileanna ar líne' le haghaidh BO, agus próifíliú i gcomhréir leis Beartas Cosanta Sonraí SOLAS. Déantar an próifíliú seo mar iarracht chun tacaíocht agus cúnamh oideachais a chur ar fáil agus ní dhéantar é chun teacht ar chinntí a imreoidh tionchair shuntasacha dlíthiúla ar fhoghlaimeoirí - ní úsáidtear é, áfach, chun torthaí na scrúduithe stáit nó teastais DCCÉ a chinneadh. Ní léirítear tuiscint ar a leithéid seo de phróifíliú in Airteagal 22 den RGCS (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

# 6.0 Taifid a Choinneáil

Tá Sceideal Coinneála Taifead an ETB ar fáil ar https://www.donegaletb.ie/donegal-etb/data-protection/. Tabhair do d'aire go bhfuil athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar an sceideal coinneála. Sa sceideal seo, tabharfaimid tuilleadh eolais duit maidir le tréimhse stórála do shonraí pearsanta, (nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh).

# 7.0 Do chearta

Sa chuid seo, tugaimid tuilleadh eolais maidir le do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí Inár bhFógra Príobháideachais agus sa Bheartas Cosanta Sonraí seo, tugaimid eolas duit chun a chinntiú go ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom agus trédhearcach. Má tá aon cheisteanna breise agat, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí (sonraí teagmhála i gCuid 8).

**7.1** **Ceart gearán a dhéanamh ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí**: Tá sé de cheart ag Daoine is Ábhar do na Sonraí gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí**.** Tá na sonraí teagmhála leagtar amach thíos:

- **Trí fhoirm ghréasáin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí: https://www.dataprotection.ie/en/contact/how-contact-us**;

- **Tríd an bpost:** An Coimisiún um Chosaint Sonraí<br>21 Cearnóg Mhic Liam Theas<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 RD28

**7.2** **Ceart rochtana:**

7.2.1 Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí deimhniú a fháil maidir le cibé an bhfuil do shonraí pearsanta á bpróiseáil ag ETB Dhún na nGall nó nach bhfuil, agus, i gcás inarb amhlaidh an cás, rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta sin agus ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) críocha na próiseála;
(b) catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann;
(c) na faighteoirí nó na catagóirí faighteora a nochtadh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, go háirithe faighteoirí i dtríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta; (agus sa chás go n-aistrítear sonraí pearsanta go dtí tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, beidh sé de cheart agat faisnéis a fháil maidir leis na coimircí iomchuí a bhaineann leis an aistriú);
(d) i gcás inar féidir, an tréimhse a meastar go stórálfar na sonraí pearsanta lena linn, nó murar féidir é sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;
(e) an ceart a iarraidh ar an ETB go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leat a shrianadh agus is ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil den sórt sin;
(f) an ceart gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí;
(g) i gcás nach mbailítear na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, aon fhaisnéis atá ar fáil maidir lena bhfoinse;
(h) is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, agus faisnéis fhónta faoin loighic a bheidh i gceist, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.

7.2.2 Sa chás go bhfaighimid iarratas mar sin, forchoimeádann ETB Dhún na nGall an ceart doiciméid aitheantais oifigiúla a lorg uait (*e.g.* pas nó ceadúnas tiomána).

7.2.3 Sa chás go bhfaightear iarratas bailí, cuirfidh ETB Dhún na nGall cóip ar fáil de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Má tá tuilleadh cóipeanna á n-iarraidh ag an duine is ábhar do na sonraí, forchoimeádann ETB Dhún na nGall an ceart táille réasúnach a ghearradh bunaithe ar chostais riaracháin.

7.2.4 I gcás ina ndéantar iarratas trí mheán leictreonach, agus mura n-iarrann tú a mhalairt, cuirfear an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach a úsáidtear go coitianta.

7.2.5 Ní dhéanfaidh an ceart chun cóip de do shonraí a fháil dochar do chearta ná do shaoirsí daoine eile.

7.2.6 Má tá sonraí a bhaineann le tríú páirtí i gceist, ní nochtfar é gan toiliú an tríú páirtí sin a fháil nó déanfar na sonraí a anaithaidiú chun aitheantas an tríú páirtí a dhéanamh in-sainaitheanta.

7.2.7 Forchoimeádann an ETB an ceart chun faisnéis phearsanta a sholáthar do dhuine aonair i bhformáid leictreonach, *e.g.* ar téip, USB, CD *etc*. Más taifeadtaí TCI iad na taifeadtaí, forchoimeádann an ETB an ceart é sin a scaoileadh (a) i bpíosa scannánaíochta cóipe boige, nó (b) in íomhánna socra (grianghraif) ag an ráta grianghraf amháin in aghaidh gach soicind

den fhíseán [8]. Má tá íomhánna de dhaoine eile le feiceáil sa phíosa scannánaíochta TCI, is féidir a n-íomhánna a phicteilíniú nó a scriosadh amach ar bhealach eile.

**7.3 An ceart go ndéanfaí ceartúcháin**

7.3.1 Sa chás go bhfuil ETB Dhún na nGall ag próiseáil sonraí pearsanta míchruinne, tá sé de cheart agat na sonraí míchruinne a fháil cheartaithe.

7.3.2 Agus na críocha dár ndearnadh an phróiseáil a gcur san áireamh (féach Cuid 2 den Bheartas seo), beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfar sonraí neamhiomlána a chomhlánú (lena n-áirítear de bhíthin soláthair ráitis fhorlíontaigh).

**7.4 An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad**

7.4.1 Féadfaidh go bhfuil sé de cheart agat go ndéanfaí ligean i ndearmad/go léirscriosfaí do shonraí pearsanta, faoi réir coinníollacha áirithe.

7.4.2 Bainfidh an Ceart go ndéanfaí Ligean i nDearmad sna cásanna seo amháin:

(a) níl na sonraí riachtanach a thuilleadh i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh iad nó a próiseáladh iad;
(b) sa chás go bhfuil an phróiseáil bunaithe ar Thoiliú (féach alt 2 thuas) agus nach bhfuil aon fhoras dlíthiúil eile leis an bpróiseáil, agus ba mhaith leat anois an toiliú sin a tharraingt siar;
(c) déanann tú agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 21(1) agus ní ann d'fhorais dhlisteanacha sháraitheacha maidir leis an bpróiseáil, nó déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 21(2) (margaíocht dhíreach);
(d) rinneadh próiseáil mhídhleathach ar na sonraí pearsanta;
(e) is gá na sonraí pearsanta a léirscriosadh le go gcomhlíonfaí oibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir;
(f) bailíodh na sonraí pearsanta i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a thairiscint.

7.4.3 Fógra: I gcás inar chuir ETB Dhún na nGall na sonraí pearsanta ar fáil don phobal agus ina bhfuil sé d'oibleagáid air de bhun Airteagal 17(1) RGCS na sonraí pearsanta a léirscriosadh, déanfaidh an ETB, tar éis breithniú a dhéanamh ar an teicneolaíocht atá ar fáil dó agus costas an costas a bhaineann leis, bearta réasúnta, lena n-áirítear bearta teicniúla, chun na rialaitheoirí a bhfuil próiseáil á déanamh acu a chur ar an eolas faoi go bhfuil sé iarrtha ag an ábhar sonraí go ndéanfadh rialaitheoirí den sórt sin aon nasc leis na sonraí pearsanta sin a léirscriosadh nó aon chóip nó aon mhacasamhlú de na sonraí pearsanta sin a léirscriosadh.

[8] Féach: https://www.dataprotection.ie/ga/individuals/know-your-rights/ceart-chun-rochtain-fhail-ar-fhaisneis-airteagal-15-den-gdpr

7.4.4 **Ní** bheidh feidhm ag An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad (agus an fógra dá dtagraítear ag (7.4.3) thuas) a mhéid go bhfuil an phróiseáil sin riachtanach sna cásanna seo a leanas:

(a) chun an ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú;
(b) chun go gcomhlíonfar oibleagáid dhlíthiúil lena n-éilítear próiseáil le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil ETB Dhún na nGall faoina réir nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;
(c) ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí i gcomhréir le pointe (h) agus le pointe (i) d'Airteagal 9(2) chomh maith le hAirteagal 9(3);
(d) chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) a mhéid is dócha nach féidir cuspóirí na próiseála sin a ghnóthú nó go ndéanfaí dochar dá ngnóthú de bharr an chirt dá dtagraítear i mír 1; nó
(e) chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

**7.5 An ceart go gcuirfí srian le próiseáil**

7.5.1 Tá de cheart agat iarraidh orainn srian a chur le próiseáil do shonraí pearsanta faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18 de RGCS:

7.5.2 An ceart srian a chur le próiseáil i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Tá tú ag cur in aghaidh cruinneas do shonraí pearsanta, rud a chumasaíonn ETB Dhún na nGall ar feadh tréimhse cruinneas do shonraí pearsanta a bhailíochtú;
(b) i gcás ina bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach agus ina gcuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne léirscriosadh na sonraí pearsanta agus ina n-iarrann sé go gcuirfear srian lena n-úsáid in áit iad a scriosadh;
(c) níl na sonraí de dhíth ar ETB Dhún na nGall a thuilleadh chun críocha na próiseála, ach tá siad de dhíth ar an ábhar sonraí chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint;
(d) Tá tú tar éis cur a i gcoinne próiseála ag an ábhar sonraí de bhun Airteagal 21(1) go dtí go bhfíorófar an mbeidh sáraíocht ag forais dhlisteanacha an rialaitheora ar fhorais dhlisteanacha an ábhair sonraí.

7.5.3 I gcás gur srianadh an phróiseáil, ní fhéadfar sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil, (seachas iad a stóráil) ach amháin le toiliú an ábhair sonraí nó le go ndéanfar éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó le go gcosnófaí cearta duine eile nádúrtha nó dlisteanach nó ar chúiseanna a bhaineann le leas tábhachtach de chuid pobal an Aontais nó de chuid pobal Ballstáit.

7.5.4 Sa chás go bhfuil tú tar éis srianadh a chur ar ár bpróiseáil de bhun Airteagal 18(1), cuirfidh ETB Dhún na nGall ar an eolas é sula gcuirfear deireadh leis an srianadh ar phróiseáil.

**7.6 An ceart chun iniomparthacht sonraí**

7.6.1 Beidh ceart agat chun iniomparthacht sonraí de réir Airteagal 20 RGCS. Ciallaíonn sé sin go bhfaighidh tú do shonraí pearsanta, arna gcur ar fáil do ETB Dhún na nGall i bhformáid atá struchtúrtha agus a úsáidtear go coiteann agus atá inléite ag meaisín.

7.6.2 Baineann an ceart chun iniomparthacht sonraí sna cásanna seo a leanas:

(a) tá an phróiseáil bunaithe ar Thoiliú (Airteagal 6(1)(g) nó Airteagal 9(2)(a)), ar Chonradh Airteagal 6(1)(b); **agus**

(b) go ndéantar an phróiseáil trí mhodhanna uathoibrithe.

7.6.3 D'fhonn amhras a sheachaint, ní bheidh feidhm ag an gceart sin maidir leis an bpróiseáil sin a bheidh riachtanach chun cúram a chur i gcrích a dhéanfar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

7.6.4 Ní dhéanfaidh an ceart chun iniomparthacht sonraí dochar do chearta ná do shaoirsí daoine eile.

7.6.5 Tá sé de cheart agat na sonraí sin a tharchur chuig rialaitheoir eile gan bhacainn ó ETB Dhún na nGall ar tugadh na sonraí pearsanta dó.

7.6.6 Agus an ceart chun iniomparthacht sonraí á fheidhmiú agat, beidh sé de cheart agat a chur faoi deara go dtarchuirfear na sonraí pearsanta go díreach ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil.

**7.7 An ceart chun agóid a dhéanamh**

7.7.1 Beidh sé de cheart agat agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, ag am ar bith, i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta atá bunaithe ar:

(a) Leasa an Phobail (Airteagal 6(1)(e)

(b) Leasa dlisteanach (Airteagal 6(1)(f)),

lena n-áirítear an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próifílithe bunaithe ar na forálacha sin.

7.7.2 Ní phróiseálfaidh ETB Dhún na nGall na sonraí pearsanta a thuilleadh mura rud é go dtaispeánfaidh an rialaitheoir go bhfuil forais dhlisteanacha thathantacha leis an bpróiseáil a dhéanamh ar forais iad a bhfuil sáraíocht acu ar leasanna, ar chearta agus ar shaoirsí an ábhair sonraí nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

7.7.3 I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha margaíocht dhíreach, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh am ar bith i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi chun críocha na margaíochta sin, lena n-áirítear próifíliú a mhéid is a bhaineann sé le margaíocht dhíreach den chineál sin.

7.7.4 I gcás go ndéanfaidh tú agóid i gcoinne próiseála chun críocha na margaíochta, ní dhéanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil chun na críocha sin a thuilleadh.

7.7.5 Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála atá bunaithe ar mhodhanna uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla aige a bhaineann leat nó lena n-imrítear éifeacht shuntasach ort. Ní ghlacann ETB Dhún na nGall páirt i gcinnteoireacht uathoibríoch.

**7.8 Oibleagáid an rialaitheora sonraí fógra a thabhairt do dhaoine eile**

7.8.1 Cuirfidh ETB Dhún na nGall duine ar bith a fhaigheann an fhaisnéis ar an eolas maidir le ceartúchán (7.3 thuas) nó scriosadh ar bith (7.4 thuas) a dhéantar ar shonraí pearsanta, nó maidir le srian ar bith a chuirtear ar phróiseáil (7.5 thuas), ach amháin i gcás ina bhfuil soláthar faisnéise den sórt sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht dhíréireach i gceist leis.

7.8.2 Cuirfidh ETB Dhún na nGall ar an eolas tú faoi na faighteoirí sin, má lorgaíonn tú a leithéid d'eolas.

**7.9 Eolas ginearálta a bhaineann leis na cearta ar fad dá dtagraítear thuas**

7.9.1 Nuair a fhaightear iarratas bailí, déileálfaidh ETB Dhún na nGall le d'iarratas gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh d'aon mhí amháin tar éis an iarrata a fháil. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh dhá mhí eile ar a mhéid nuair is gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh. Cuirfidh ETB Dhún na nGall ar an eolas tú faoi aon síneadh den sórt sin mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de mhí amháin tar éis an iarrata a fháil.

7.9.2 I gcás iarratas ar rochtain (féach alt 7.2 thuas, "Ceart Rochtana") nuair a dhéantar iarratas eile/comhchosúil ar rochtain nuair a chomhlíontar an chéad iarratas, tá sé de rogha ag an ETB cinneadh a dhéanamh maidir le tréimhse ama iomchuí idir iarratais ar rochtain agus déanfar measúnú air sin ar bhonn gach cás ar leithligh.

7.9.3 Mura nglacann ETB Dhún na nGall aon ghníomhaíocht de bhun iarratais ón duine is ábhar do na sonraí, cuirfidh an ETB ar an eolas tú gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh a fháil, faoi na cúiseanna nach ndearnadh aon ghníomhaíocht agus cuirfidh sé ar an eolas tú faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta agus leigheas breithiúnach a lorg.

7.9.4 I gcás inar léir go follasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad athráiteach, féadfaidh ETB Dhún na nGall ceann acu seo a leanas a dhéanamh: (a) táille réasúnach a ghearradh chun na costais a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil nó as gníomhaíocht a dhéanamh mar a iarradh a chur san áireamh; nó (b) diúltú gníomhú ar an iarraidh.

**Is féidir na cearta seo a fheidhmiú tráth ar bith. Má tá tuilleadh eolais uait, is feidir teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí.**

# 8.0 Déan teagmháil le d'OCS

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag ETB Dhún na nGall agus seo iad sonraí teagmhála an duine sin:

Oifigeach Cosanta Sonraí,
Oifigí Riaracháin ETB Dhún na nGall,
Ard Uí Dhomhnaill,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall
Ríomhphost: dataprotection@donegaletb.ie
Guthán: 074 9161600

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le d'OCS leis na sonraí teagmhála seo.